Tá comhaontú déanta ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus Seirbhis Oideachais Chiarraí Scéim Rochtana Pointí Bónais a chur ar bun a chuireann bealaí dul chun cinn chuig ITT ar fáil do mhic léinn Sheirbhís Oideachais Chiarraí. Faoin scéim seo bronntar pointí bónais ar iarrthóirí na Lároifige Iontrála a thagann ó Sheirbhis Oideachais Chiarraí a bhfuil dámhachtainí CDBOO ar leith bainte amach acu agus a chomhlíonann na réamhchoinníollacha chun dul isteach i gcláracha ITT ar leith. Is é tuairim is 5% de na háiteanna atá ar fáil san iomlán atá curtha in áirithe ar na cúrsaí sin do mhic léinn de chuid Sheirbhís Oideachais Chiarraí.

Ionad Foghlama Réigiúnach Chill Áirne

Na príomhrudaí atá bainte amach aige:

Cláracha Páirtaimseartha:

Chláraigh seachtar déag ar an gclár Miondámhachtana **Teastas i bhFiontraíocht** 2009/2010;

Seirbhís Treoraithe Oideachais:

Bhuail an tSeirbhis Treoraithe Oideachais beirt chliant is seachtó thar ocht lá déag; Tugadh eolas ginearálta agus atreorú do thuairim is dhá chéad duine;

Próiseas atreoraithe comhaontaithe le soláthraithe eile (Seirbhis Oideachais Chiarraí & Seirbhís Fostaíochta Áitiúil).

Ceardlanna:

Reáchtáladh sraith ceardlanna faoi "**Filleadh ar Oideachas agus Fiontraíocht** i 2009/2010;

Reáchtáladh céardlann **Teicneolaíochta Fuinnimh** i gcomhar le RVR Energy Technology Ltd. i mí Aibreáin 2010. Ba í sprioc na ceardlainne ná forbhreathnú a thabhairt don lucht freastail ar dheiseanna fostaíochta agus oideachais sa cheantar seo;

Ceardlanna Lároifige Iontrála i mí Eanáir 2010, ar fhreastail cúigear de na mic léinn atá cláraithe ar an Teastas Mion-dámhachtana i Staidéar Fiontraíochta faoi láthair;

Ionad Foghlama Réigiúnach Chiarraí - ceardlanna blaisín arna reáchtáil i gcomhar le **Jobs Clubs** i dTrá Lí, Cill Orglan agus Cill Áirne;

Seisiún eolais de chuid Gníomhachtú Margadh Saothair i mí Iúil 2010 chun FÁS, Seirbhís Fostaíochta Áitiúil, Seirbhís Oideachais Chiarraí agus cuideachtaí comhpháirtíochta a chur ar an eolas faoi phleananna ITT i mí Mheán Fómhair 2010 maidir le cláracha a bheidh á maoiniú ag Gníomhaíocht Margadh Saothair.

Comhoibriú:

Bhain **FÁS, Seirbhís Fostaíochta Áitiúil agus Seirbhís Oideachais Chiarraí** úsáid as Ionad Foghlama Réigiúnach Chiarraí chun cúrsaí agus ceardlanna CDBOO a sheachadadh;

Bhain Bord **Fiontair Chiarraí** úsáid as Ionad Foghlama Réigiúnach Chiarraí le haghaidh seisiúin meantóireachta.

Baineadh úsáid go rathúil as an timpeallacht **r-fhoghlama** fhíorúil a suiteáladh, chun Headstart Maths a chur ar fáil i mí Lúnasa 2010. Cuireadh iniúchadh i gcrích ar a bhfuil á thairiscint de chúrsaí oiliúna agus oideachais leis an **Kerry Hub Social Strategy and Future Skills Group**. Lena chois sin cuireadh taighde i gcrích le heagraíochtaí geallsealbhóra lena mbaineann sa réigiún seo maidir le héileamh ar chúrsaí faoi láthair agus amach anseo. Cónascadh na sonraí seo le sonraí an bheochláir a chuir FÁS ar fáil agus le sonraí fiontair a chuir Bord Fiontair Chiarraí ar fáil chun treochlár riachtanas d'fhorbairt scileanna a chur le chéile don gcontae. Bhí an chéad dréacht den tuairisc ar fáil i mí Feabhra 2010. Chuir ITT, Seirbhís Oideachais Chiarraí, FÁS agus Forbairt Chiarraí Thuaidh agus Thoir foghrúpa ar bun chun na torthaí a úsáid d'fhonn straitéis d'fhorbairt scileanna don gcontae a fhorbairt.

I mí Bhealtaine 2010 d'fhoilsigh an Future Skills Group (John Moriarty, Barney O'Reilly, Owen O'Donnell, Deirdre Kearin) **Tuairisc ar Scileanna amach anseo** ina dtugtar breac-chuntas ar stádas reatha fostaíochta agus dífhostaíochta sa chontae. Lena chois sin tugtar forbhreathnú inti ar na roghanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil mar aon le liosta 10 moladh chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú idir na soláthraithe seirbhíse sa chontae. Cuireadh an tuairisc faoi bhráid an Bhord Forbartha Contae ar an 18 Meitheamh 2010. D'fhaomh Michael Carmody, Barney O'Reilly agus Des Halloran an tuairisc go foirmiúil ag Scoil Richard Cantillon School ar an 10 Meán Fómhair 2010.

Gníomhaíochtaí Margaíochta

Na Príomhimeachtaí

Cuairteanna ar scoileanna

San iomlán tugadh láithreoireachtaí i 50 scoil sna contaetha Ciarraí, Corcaigh, An Clár agus Luimneach faoi chláracha lánaimseartha na hInstitiúide:

1. Coláiste Mhuire, Bóthar an Choláiste, Inis, Co. an Chláir
2. Meánscoil Naomh Iosaef, An Tulach, Co. an Chláir
3. Coláiste Phobail Innis, Co. an Chláir
4. Coláiste Rice, Inis, Co. an Chláir
5. Coláiste Rossa, An Sciobairín, Co. Chocaí
6. Ard Scoil Phobail Bheanntraí, Co. Chorcaí
7. Coláiste Phobail Scoil Mhuire, Co. Chorcaí
8. Meánscoil Naomh Mhuire, Magh Chromtha, Co. Chorcaí
9. Coláiste De La Salle, Magh Chromtha, Co. Chorcaí
10. Coláiste Mhic Aogáin, Magh Chromtha, Co. Chorcaí
11. Pobalscoil Sráid a' Mhuilinn, Sráid a' Mhuilinn, Co. Chorcaí
12. Scoil Chuimsitheach an Bhóthair Bhuí, Mala, Co. Chorcaí
13. St Fachtna's De La Salle, An Sciobairín, Co. Chorcaí
14. Mercy Heights, Sciobairín, Co. Chorcaí
15. Muire gan Smál, Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí
16. Coláiste Naomh Gobáin, Beanntraí, Co. Chorcaí
17. Gairmscoil Cheann Tuirc, Co. Chorcaí
18. Coláiste an Spioraid Naoimh, Baile an Easpaig, Corcaigh
19. Coláiste Phobail Chill Orglain, Co. Chiarraí
20. Scoil Idirmheánach, Cill Orglain, Co. Chiarraí
21. Coláiste Phobail Thrá Lí, Trá Lí, Co. Chiarraí
22. Meánscoil na Toirbhirte, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
23. Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí, Co. Chiarraí
24. St Meánscoil Naomh Iosaef, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí
25. Scoil Trócaire Chnoc an tSeabhaic, Trá Lí, Co. Chiarraí
26. Scoil na mBráithe, an Fhaiche, Trá Lí, Co. Chiarraí
27. Coláiste Phobail Oileán Chiarraí, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí
28. Meánscoil Naomh Phádraig, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí
29. Naomh Mhichíl, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
30. Gaelcholaiste Chiarraí, Tra Lí, Co. Chiarraí
31. Pobailscoil Chorca Dhuibhne, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí
32. Coláiste Phobail Chill Áirne, Cill Áirne, Co. Chiarraí
33. Meánscoil na Toirbhirte, Baile a' Mhuillin, Co. Chiarraí
34. Scoil Chuimsitheach an Tairbhirt, Co. Chiarraí
35. Naomh Bhreandáin, Cill Áirne, Co. Chiarraí
36. Coláiste Brookfield, Trá Lí, Co. Chiarraí
37. Pobail Scoil Inbhear Scéine, An Néidín, Co. Chiarraí
38. Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí

39. Scoil Chuimsitheach an Tóchair, Trá Lí , Co. Chiarraí
40. Scoil Phobail Sliabh Luachra, An Ráth Mhór, Co. Chiarraí
41. Meánscoil Naomh Iosaef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
42. Scoil Mhuire & Ide, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
43. Gairmscoil, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
44. Coláiste Naomh Íde, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh
45. Coláiste Deasmhumhain, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh
46. Naomh Eoin Baiste, Ospidéal, Co. Luimnigh
47. Coláiste Iosaef, Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh
48. Clochar na Toirbhirte, An Brú, Co. Luimnigh
49. Coláiste Phobail Eas Géitine, Co. Luimnigh
50. Coláiste Phobail na Trócaire, Rath Caola, Co. Luimnigh

Imeachtaí Gairmréime

Bhí ionadaíocht ar ITT ag na himeachtaí gairmréime seo a leanas le linn na bliana acadúla 2009/2010:

Roghanna do dhaoine fásta (Seirbhís Oideachais Chiarraí)
Ardroghanna, RDS Baile Átha Cliath
Institiúid Treoirchomhairleoirí Lár na Tíre, Baile Átha Luain
Taispeánatas Gairmréimeanna Fostaíochta, Cuideachta Forbartha Comhtháite Dhúiche Ealla
Taispeántas Gairmréimeanna an Lár-Iarthair, Luimneach
Lá na bPríomhoidí & na Gairmthreorach
Institiúid Treoirchomhairleoirí Cill Chainnigh
Roghanna Gairmréime, Corcaigh
Aonach Coláiste, Ceanannas, Co. na Mí
Institiúid Treoirchomhairleoirí Chiarraí, Aonach Gairmréimeanna
Oíche Oscailte Coláiste Phobail Rice
Aonach Gairmréimeanna, Eochaill
Imeacht Gairmréimeanna do dhaoine dífhostaithe, Trá Lí
Imeacht Gairmréimeanna do dhaoine dífhostaithe, Lios Tuathail
Aonach Gairmréimeanna, Naomh Mhuinchín, Luimneach

Lá na bPríomhoidí agus na Gairmthreorach

D'fhreastail 27 bpríomhoide agus treoirchomhairleoir ar an Lá Comhairleoirí Gairmthreorach ar an 7 Deireadh Fómhair. Lasmuigh de chur i láthair ar chláracha agus ar fhorbairtí nua ón Chláraitheoir thug Cinn na Scoileanna/Ranna lena mbaineann cur i láthair ar fhorbairtí nua ina gcuid réimsí féin.

Lá Oscailte

D'fhreastail 900 mac léinn, nach mór, ar an Lá Oscailte 2009 ar an 6 Samhain. Bhí ionadaíocht ar 19 scoil ann. Tugadh deis do mhic léinn ionchasacha na háiseanna atá á dtairiscint a fheiscint agus bualadh le léachtóirí agus mic léinn reatha.

Blais-chláracha

Tairgeadh blaischláracha do mhic léinn Idirbhliana ó scoileanna in abhantrach na hInstitiúide. Bhí na cláracha leagtha amach chun deis a thabhairt do na mic léinn cúrsaí a bhlaiseadh a chuirfidh siad suim iontu, b'fhéidir. Lena chois sin fuaireadar deis blaiseadh den saol ag an tríú leibhéal a fháil. Bhí na blaischláracha ar siúl maidineacha De hAoine le linn an téarma ó 10:30 rn go am lóin. Bhí na ranna seo a leanas rannpháirteach sa tionscadal:

- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
- Innealtóireacht
- Altranas
- Na hEolaíochtaí Ceimiceacha & Beatha, Sláinte agus Fóillíocht
- Bhí éileamh mór ar an mBlas- chlár ó mheánscoileanna. Tháinig daltaí ó Chorcaigh, ón Chlár agus ó Luimneach agus ó Chiarraí, 900 díobh san iomlán.

Feachtais Mhargaíochta

Reáchtáladh feachtais fhógraíochta chuimsitheacha timpeall ar na príomhdhátaí agus na príomhchláracha seo a leanas:

Dáta dúnta d'iarratais chuig an Lároifig Iontrála (Eanáir 2010)
Athrú intinne maidir le hiarratais chuig an Lároifig Iontrála (Meitheamh 2010)
Cúrsaí HCT – cúrsaí a bhíodh faoi choimirce Fáilte Éireann roimhe seo
MA i bhFáilteachas Proifisiúnta agus Bainistiú Turasóireachta
Cláracha páirtaimseartha (Miondhámhachtainí)
Lá Oscailte
Scoláireachtaí Spóirt
Áiteanna folamha faoi chóras na Lároifige Iontrála

Clár an Fhiontraí Óig

Cur síos ar an tionscadal

Is é atá ar intinn le Clár an Fhiontraí Óig agus, níos déanaí, le Clár an Fhiontraí Shóisearaigh, ná meon na fiontraíochta mar aon le scileanna gnó an fhíorshaoil i measc daltaí dara leibhéil agus tríú leibhéil a chur chun cinn sa réigiún trí shíolta na fiontraíochta a chur iontu mar chuid dá n-oideachas. Ullmhaítear chéad ghlúin eile na bhfágálaithe scoile agus na gcéimithe féachaint ar an domhan lasmuigh d'Éirinn, ní mar áit eisimirce ach mar áit chun a gcuid smaointe a dhíol. Is fearr a bheidh an ghlúin Chlár an Fhiontraí Óig ullmhaithe don tsaoirse agus don áthas a ghabhann leis an bhfiontraíocht. Ní raibh an t-oideachas nasctha chomh dlúth sin le príomhfhiontraithe na tíre riamh roimhe seo.

Struchtúr an Chláir

Agus é dírithe ar mhic léinn idir 15 agus 23 bliana d'aois, is é a áiríonn an clár ná foghlaim sa seomra ranga de réir amchláir, meantóirí gnó áitiúla atá nasctha le scoileanna/institiúidí tríú leibhéil agus imeachtaí éagsúla ar fud na bliana ina bhfuil deis ag mic léinn rudaí nua a fhoghlaim ó phríomhfhiontraithe. Nuair a nasctar le líonra fiontraithe náisiúnta bíonn Clár an Fhiontraí Óig ag feidhmiú mar chomhéadan idir pobal na bhfiontraithe agus na fiontraithe atá ag teacht chun cinn. As an ndlúthchomhoibriú sineirgisteach seo nach bhfuil a leithéid eile ann, fásann croí an 'spreagadh fiontraíochta'. Iarrtar ar mhic léinn smaoineamh gnó a aimsiú agus plean gnó a fhorbairt don smaoineamh sin. Déanfaidh siad mionchoigeartú ar a gcuid pleananna gnó ansin faoi threoir meantóirí gnó tiomnaithe ar feadh tréimhse an Chláir. Tá teacht ag na mic léinn ar fud na bliana ar shuíomh idirlín ar a bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil. Ina theannta sin tá teacht acu ar shuíomhanna líonraithe shóisialta ar nós Facebook agus You Tube. Tar éis dóibh leagannacha deiridh na bpleananna gnó a chur isteach agus tar éis scrúdaithe i mí an Mhárta cuirtear searmanas bronnta ar siúl mar bhuaicphointe i mí Bhealtaine. Bíonn na mic léinn go léir ag iomaíocht i gcomhair teideal Fiontraí Óig na Bliana. Tá sin bunaithe ar a dtinreamh ar shraith na seimineár (10%), an scrúdú (30%) agus an plean gnó a bheith curtha isteach agus cur i láthair an phlean (60%).



Cuirtear oiliúint ar fáil do na hoiliúnóirí agus meantóirí ag tús na bliana agus ar fud na bliana araon ar an iliomad oideolaíocht a fhéadfar a úsáid chun fiontraíocht a mhúineadh. Tá leabhar dar teideal 'Entrepreneurship Made Simple', scríofa ag an tUas. Jerry Kennelly agus an Dr. Jerry Clifford. Baineadh úsáid as an leabhar seo don gclár.

Déantar lámhleabhar an oideachasóra chun léarscáil don leabhar a sholáthar, chun roghanna maidir le teagasc gach caibidle a chur ar fáil agus chun measúnú a dhéanamh air. Téann gach dalta faoi scrúdú foirmiúil agus faigheann siad Teastas Fiontraíochta. Dearadh teimpléad plean ghnó don gclár. Is féidir é a íoslódáil ó www.youngentrepreneurship.ie.

Is é spiorad an chláir ná oideachasóirí, mic léinn agus fiontraithe a thabhairt le chéile chun taithí ar fhíorshaol an ghnó a thabhairt isteach sa seomra ranga agus chun éascaíocht a dhéanamh d'fhoghlaim an dalta ó cheann ceann na bliana. Earcaítear grúpa de bhreis is 30 fiontraí agus sanntar do scoileanna ar leith iad chun immharthanacht pleananna gnó na ndaltaí sa bhfíorshaol a scrúdú trí cuairt mhíosúil a thabhairt ar na scoileanna. Síníonn na scoileanna rannpháirteacha conradh Chár an Fhiontraí Óig a ndéantar athbhreithniú air gach bliain chun a chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin cháilíochta is airde. Tá pobal fiontraíochta á chothú ag Clár an Fhiontraí Óig.

Is inár réigiún amháin atá an clár seo ar fáil agus seachadtar é de bhreis ar an gCuraclam Náisiúnta.

Garspriocanna an Chláir

Oiliúint Oideachasóirí

Leanann oiliúint na n-oideachasóirí ar aghaidh ar feadh trí lá. Le linn na tréimhse seo tugtar curaclam an chláir, leabhar (Entrepreneur Made Simple) agus lámhleabhar an oideachasóra dóibh. Sa lámhleabhar seo léirítear cúrsa an chláir ar fad trí spriocanna foghlama gach caibidle a chur síos, oideolaíochtaí teagaisc a mholadh maidir le gach caibidil, liosta ceisteanna agus freagraí maidir le gach caibidil agus liosta gníomhaíochtaí ranga molta. Tá na caibidlí nasctha le teimpléad plean ghnó chomh maith le comhairle faoi úsáid an mheantóra maidir leis an gcuid áirithe seo.

Lena chois sin tugtar leabhair saor in aisce do na hoideachasóirí do gach dalta atá rannpháirteach, mar aon le hábhar teagaisc ar DVD.

An Fiontraí Éireannach mór-le-rá Bobby Kerr (Insomnia) in éineacht le mic léinn, Labhair sé ag an ócáid seo

Oiliúint Meantóra

Tugtar oiliúint leathlá in aghaidh na bliana do gach meantóir atá rannpháirteach sa chlár.

Sraith na Seimineár

Lá na Spéire Goirme

Agus na mic léinn ag tabhairt faoin gclár tugann an Blue Sky Day deis dóibh léargas luachmhar ar shaol príomhfhiontraithe a fháil. Tá meascán na gcainteoirí agus na bpainéalaithe leagtha amach ar shlí go spreagtar na mic léinn agus go dtugtar fuinneamh dóibh, ach tugtar eolas luachmhar dóibh chomh maith.

Lá Céardlainne don Phlean Gnó

Díríonn an Chéardlann don bPlean Gnó ar an múnla gnó agus ar chúrsaí airgeadais. Oibríonn meantóirí le daltaí agus lena múinteoirí i ngrúpaí oibre ina gcabhraíonn siad leo athbhreithniú a dhéanamh ar pleananna gnó agus a gcur i láthair.

Lá an Ghrodchúrsa Ghnó

Agus na daltaí ag obair ar a bpleananna gnó tugann cuid de phríomhfhiontraithe na hÉireann leideanna fíorshaoil chun plean gnó a n-éiríonn leis a chur le chéile. Tá an Grodchúrsa Gnó dírithe ar phríomhghnéithe an phlean ghnó agus go háirithe ar an bpits gnó.

Scrúdú ag Deireadh na Bliana

Téann na daltaí faoi scrúdú faoin méid atá foghlamtha acu ar an bhFiontraíocht. Reáchtáiltear na scrúduithe ar an lá céanna i ngach scoil/coláiste tríú leibhéil atá rannpháirteach. Marcáileann scrúdaitheoir seachtrach an scrúdú agus tugtar Teastas Fiontraíochta do gach dalta a bhaineann 40% amach.

An Plean Gnó a chur isteach

Cuirtear na pleananna gnó isteach agus déanann painéal inmheánach athbhreithniú orthu. Cuirtear cuid de na pleananna ar ghearrliosta. Tugtar sraith teimpléidí uathúla do na daltaí chun cabhrú leo plean gnó atá ag teacht le cúinsí an fhíorshaoil a fhorbairt. Tá léiriú de leathanaigh shamplacha an phlean ghnó thíos. Féach an nasc thíos chun teimpléad plean ghnó iomlán agus lámhleabhar úsáideora Clár an Fhiontraí Óig a fheiscint. http://www.youngentrepreneur.ie/resources/course-work/

Pitseáil na bPleananna ar an nGearrliosta

Déanann daltaí ar an ngearrliosta a gcuid smaointe gnó a phitseáil os comhair painéal breithiúna agus roghnaítear iomaitheoirí an bhabhta dheiridh ansin.

Dalta ó Scoil Phobail Sliabh Luchra, An Ráth Mhór Co. Chiarraí sa phictiúr ar dheis ag pisteáil a smaoineamh gnó 'Grade Trade' os comhair painéal fiontraithe ar Lá Pitseála an Ghearrliosta 2010.

Breithniú

Déanann painéal breithiúna iomaitheoirí babhta dheiridh an Chláir a bhreithniú ina n-aonair(fiontraithe a n-éiríonn go hidirnáisiúnta leo). Déanann na daltaí a gcuid smaointe a phitseáil agus freagraíonn siad ceisteanna diana a chuireann na breithiúna orthu.

An Searmanas Bronnta

Is é an searmanas bronnta imeacht deiridh an cláir, imeacht a ndéantar an obair atá curtha i gcrích ag na daltaí a cheiliúradh. Tá trí chatagóir buaiteoirí ann: An dara leibhéal, an tríú leibhéal agus an Scoil is Fearr. Bronntar turas go Silicon Valley, Calafornia ar bhuaiteoir an dara leibhéil, áit a bhfaigheann siad deis cuairt a thabhairt ar chuideachtaí mór-le-rá ar nós Apple, Google agus Facebook. Faigheann buaiteoir an tríú leibhéil síolchistiú €5000 agus faigheann an scoil is fearr pacáiste TF dar luach €5000. Lena chois sin glacann na hiomaitheoirí ar an ngearrliosta páirt i dturas fiontraíochta agus faigheann siad printíseacht coicíse le cuideachtaí meantóireachta.

Buaiteoirí 2010: Buaiteoir tríú leibhéil Lisa O'Donoghue, UL agus Buaiteoir dara leibhéil Michael Dillane, Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Trá Lí

Agus na gradaim dheiridh bronnta cuirtear iomaitheoirí an bhabhta dheiridh go léir in aithne dá mBoird Fiontair Áitiúla. Tugann siad tuilleadh meantóireachta agus cistithe do dhaltaí ar suim leo a gcuid smaointe gnó a chur chun cinn.

Geallshealbhóirí an Chláir

Tá socruithe láidre maidir le comhar agus comhordú idirghníomhaireachta ag an gClár, rud as a leanann go bhfuil pobal dlúth-nasctha ann atá ag díriú ar fhorbairt fiontair. Tá forbairt fiontair i gcroílár na gcúraimí atá ar na príomhghníomhaireachtaí forbartha sa chontae seo. Áirítear orthu ITT, SD, Bord Fiontair Chiarraí, LEADER, Comhairle Chontae Chiarraí, Údarás na Gaeltachta agus pobal na bhfiontraithe [faoi threoir an Uas. Jerry Kennelly].

Pleananna don am le teacht

I 2010 beidh a n-oideachas tríú leibhéil curth díobh ag an chéad ghlúin d'alumni Clár an Fhiontraí Óig ar fud na tíre. Tá i gceist ag Clár an Fhiontraí Óig Alumni a chinntiú go mbeidh cosán forbartha ar bun do gach fiontraí ionchasach ó Chiarraí agus cuirfear Clár an Fhiontraí Óig Alumni ar fáil d'alumni an Chláir ag deireadh na tríú bliana sa choláiste tríú leibhéil. I mí Eanáir 2011 seolfar Clár an Fhiontraí Shóisearaigh - clár oideachais fiontraíochta atá cosúil le Clár an Fhiontraí Óig agus atá dírithe ar rang a cúig agus rang a sé (daltaí in aois 9-12) i mbunscoileanna i gCiarraí.

Le blianta beaga anuas tá gach aoinne atá bainteach le Clár an Fhiontraí Óig ag foghlaim agus is ag foghlaim a bhímid i gcónaí gach aon bhliain. Tá Clár an Fhiontraí Óig ina eiseamláir idirnáisiúnta faoin am seo a dhéanann oiriúnach é mar imeacht ar féidir é a aistriú ar fud na hÉireann, na hEorpa agus níos sia anonn. Cuireadh an clár ar siúl ar bhonn trialach go rathúil ar fad i Luimneach agus i gCorcaigh agus táthar i mbun pléite maidir le n-é a chur i ngníomh de réir a chéile i measc ár gcomhbhuaiteoirí i gcomórtas Gradam Fiontraíochta na Réigiún Eorpach [Brandenberg, Heilsincí, Murcia, Catalonia agus Trnova], agus tá fiosrú tagtha ó roinnt tíortha in Oirthear na hEorpa maidir leis an eiseamláir a aistriú. Lena chois sin tháinig fiosrú ó Ríocht na hAraibe Sádaí agus ó roinnt tíortha eile.

Torthaí an Tionscadail

Sna táblaí seo a leanas léirítear fás Clár an Fhiontraí Óig óna thús sa bhliain 2007. Glacann 65% de scoileanna i gCiarraí páirt sa chlár faoin am seo. Sna táblaí tugtar eolas miondealaithe ar fhás líon na scoileanna rannpháirteacha [in aghaidh na bliana] mar aon le líon na ndaltaí rannpháirteacha thar na mblianta sin. Lena chois sin léirítear fás réamh-mheasta na rannpháirtíochta dara agus tríú leibhéil sa chlár ó 2013 go 2020.



Líon na scoileanna rannpháirteacha [In aghaidh na bliana]



Líon réamh-mheasta daltaí dara leibhéil i gClár an Fhiontraí Óig



Líon réamh-mheasta daltaí dara leibhéil i gClár an Fhiontraí Óig

Ós rud é go seachadtar Clár an Fhiontraí Óig ag an dara leibhéil san Idirbhliain bhí an chéad ghlúin d'alumni Clár an Fhiontraí Óig ag aistriú chuig an leibhéal Ollscoile i 2010. Thug sin an t-ardán dúinn a bhí ag teastáil chun anailís chainníochtúil ar thionchar an chláir a dhéanamh. Táthar ag tiomsú sonraí i gcónaí agus déanfar réamh-anailís i mí an Mhárta [a athdhéanfar go bliantúil].

Ar na paraiméadair a ndéantar imscrúdú orthu áirítear [agus na rialúcháin cuí ar bun]:

- Rogha ábhair don Ardteistiméireacht [de réir inscne agus stádas socheacnamaíoch];
- Cruthú ábhair san Ardteistiméireacht [de réir inscne agus stádas socheacnamaíoch];
- Rogha cláir [de réir inscne agus stádas socheacnamaíoch];
- Bronnadh céime;
- Rogha gairmréime [fostaíocht i Fiontar Beag/Meánmhéide, Cuideachta ilnáisiúnta, srl];
- Líon na mac-chuideachtaí, postanna cruthaithe, luachálacha cuideachta.

Garspriocanna i 2009/2010

- Deineadh athbhreithniú leis na scoileanna ag deireadh mí Bhealtaine / go luath i mí Mheithimh. Iarradh ar phríomhoidí agus mhúinteoirí bualadh le Feidhmeannach Clár an Fhiontraí Óig chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár a reáchtáladh in 2008/2009 agus gabháil orthu tabhairt faoin gclár 2009/2010.
- Cumadh na meadrachtaí seo a leanas chun go gcloífidh na scoileanna go léir leo chun rannpháirtíocht iomlán sa chlár a bheith acu. Má mhainníonn scoil cloí leis na meadrachtaí baintear an scoil ón gclár. Bhí gach scoil a ghlac páirt i 2009/2010 sásta cloí leis na meadrachtaí seo a leanas:
- Oiliúint 3 lá – gá le tinreamh 100%
- Am sa seomra ranga (50 uair) – 100% den am comhaontaithe riachtanach
- Blue Sky Day (Lá na Spéire Goirme) – tinreamh 90% ar a laghad
- Grodchúrsa gnó – tinreamh 90% ar a laghad
- Scrúdú – tinreamh 90% ar a laghad – caithfidh 80% pas a bhaint amach
- Céardlann plean ghnó - tinreamh 90% ar a laghad
- Comórtas plean ghnó – 80% ag cur plean isteach ar a laghad
- Clár nua le haghaidh 2009/2010 tosnaithe i mí Mheán Fómhair. Ghlacann 17 scoil i gCiarraí agus i Luimneach páirt mar aon le IT, Trá Lí agus Ollscoil Luimnigh, 600 rannpháirtí san iomlán.
- Forbraíodh Clár Oideachais/Oiliúina do Mhúinteoirí agus seachadaíodh do 27 n-oideachasóir dara leibhéil é le linn mí Lúnasa agus Mheán Fómhair. Fuair na rannpháirtithe oiliúint ar gach gné den gclár. Díríodh isteach ar phleananna gnó agus cuireadh ar an eolas iad faoi leagan amach oideolaíoch chun an eispéireas foghlama a chur chun cinn.

- Soláthraíodh oiliúint do 39 meantóir faoin gclár agus faoina rannpháirtíocht.
- Reáchtáladh Lá na Spéire Goirme ar an 2 Deireadh Fómhair in Óstán Brandon i dTrá Lí. Mheall an ócáid breis is 600 duine. Áiríodh na daoine seo a leanas ar na cainteoirí: Bobby Kerr (Insomina), Niall Mellon (Niall Mellon Township Trust), Tim Rooney (Surf Seeds) agus Fiona Looney (Smartshopper) ag an ócáid mar aon le slua mór fiontraithe eile a cuireadh i láthair do na daltaí a bhí i mbun Clár an Fhiontraí Óig.
- Reáchtáladh Céardlanna Plean Ghnó i mí na Samhna. D'oibrigh meantóirí leis na daltaí agus lena múinteoirí i ngrúpaí oibre agus iad ag cabhrú leo athbhreithniú a dhéanamh ar a bpleananna gnó agus a láithreoireachtaí gnó.
- Reáchtáladh an Grodchúrsa Gnó ar an 29 Eanáir in Óstán Brandon i dTrá Lí. D'fhreastail breis is 600 duine ar an ócáid. Ar na cainteoirí a bhí i láthair bhí: Jack O'Conner (Kerry Team), John Rice (JAM Media), Melanie Harty (Harty's Foods) agus Michael Carey (Jacob Fruitfield) mar aon le slua mór fiontraithe eile a cuireadh i láthair do na daltaí a bhí i mbun Clár an Fhiontraí Óig. Bhí deis ag na daltaí a gcuid smaointe gnó féin a phitseáil os comhair painéil fiontraithe. Ba é seo buaicphointe na hócáide.
- Cuireadh na pleananna gnó isteach ar an 5 Márta.
- Bhí an scrúdú ar siúl ar an 12 Márta.
- Bhí an phitseáil gearrliosta ar siúl ar an 19 Márta.
- Reáchtáladh oíche na ngradam ar an 22 Aibreán. Ba iad seo a leanas na buaiteoirí: Michael Dillane dalta sa chúigú bliain i Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Trá Lí. Bronnadh an gradam Buaiteoir Dara Leibhéil 2010 i gClár an Fhiontraí Óig air. Is é an smaoineamh gnó lenar bhain Michael an gradam amach ná schoolgiftsforgrads.com. Gnó is ea é a thairgeann réimse leathan bronntanas le haghaidh ócáid an bhaint amach céime ar phraghsanna éagsúla, in iliomad caighdeán agus stíleanna. Bhuaigh Lisa O'Donoghue, comhalta taighde in Ollscoil Luimnigh gradam an Bhuaiteora Tríú Leibhéil 2010. Is é an smaoineamh a bhí ag Lisa ná ALR – forbróir trealamh athchúrsála atá ag sainfheidhmiú in athchúrsáil taispeáintí leachtchriostail do mhargaí athchúrsála na hEorpa agus domhanda. Ba é an scoil a b'fhearr ná Meánscoil na Toirbhirte, Baile a' Mhuilinn.
- Tionóladh grúpaí fócais i mí Mheithimh. Thiomsaigh na meantóirí aischothú faoin gclár 2009/2010.
- Bhuaigh Michael Dillane, Fiontraí Óg 2010 agus a oideachasóir Antony Cronin turas go San Francisco mar chuid dá ghradam. Thaistil Michael, Anthony agus Anne Looney go San Francisco ar an Domhnach 14 Meitheamh go dtí an Aoine 19 Meitheamh. Agus iad ar an turas thugadar cuairt orthu seo a leanas:
    - Googleplex
    - Apple
    - Ollscoil Stanford
    - Facebook
    - Cisco
    - Tech Museum

- Chuir Bord Fiontair Chiarraí comhairle, meantóireacht agus cistiú d'iomaitheoirí an bhabhta dheiridh mar a iarradh air.
- Ghlac lucht an bhabhta dheiridh le tairiscint socrúchán oibre ar feadh coicíse le ceann de na cuideachtaí meantóireachta mar chuid den struchtúr duaise.
- Cumadh teimpléad plean gnó nua i gcaitheamh an tsamhraidh do Chlár an Fhiontraí Óig. Tá sé bunaithe ar aischothú ó gheallshealbhóirí cláir.

An Clár Endeavour

Seoladh Endeavour i mí Dheireadh Fómhair 2009 mar dhian-ardán láinseála domhanda d'fhiontraithe. Bhí sé dírithe ar ardghnóthachtálaithe uaillmhianacha atá ag obair chun an spás gnó a bhfuil siad ag dul isteach ann a athrú. Fuair siad meantóireacht ó lucht gnó a bhfuil ag éirí leo go hidirnáisiúnta agus a bhfuil teacht acu ar phríomhshaineolaithe na hÉireann sna réimsí airgeadais, cumarsáide, díolacháin, acmhainní daonna, teicneolaíochta, dlí agus margaíochta. Ba é taispeántas faoi mhaoiniú buaicphointe an chláir. De réir infheistíochtaí atáthar ar tí a dhéanamh nó atá socraithe tá comhluacháil maoinithe reatha de bhreis is €10 milliún ag an chéad ghrúpa a chuaigh i mbun an chláir Endeavour.

Cur síos ar an gClár

Dianchlár lánaimeartha ab ea an clár 2009/2010. Próiseas tumoideachais ab ea é a lean ar aghaidh ar feadh 7 mí, é bunaithe i bPáirc Teicneolaíochta Chiarraí. Fuair na rannpháirtithe an méid seo a leanas:

- Oiliúint ardchumhachtaithe ó shaineolaithe ón bhfíorshaol a raibh taithí forleathan idirnáisiúnta acu.
- Rochtain ar shaineolaithe na hÉireann sna réimsí airgeadais, cumarsáide, díolacháin, acmhainní daonna, teicneolaíochta, dlí agus margaíochta i gcomhair comhairliú duine le duine.
- Meantóireacht shaincheaptha duine le duine ar fud an chláir.
- Spás oifige, áiseanna cruinnithe, comhdhála agus leathanbhanda ag Ionad Gnó Tom Crean.
- Tacaíocht ó Fhiontar Éireann agus fóirdheontas tuarastail d'iarrthóirí cáilithe.
- Tástáil strus gnó. Dhein painéal fiontraithe a bhfuil taithí fhada acu na pleananna gnó a thomhas agus chuireadar dúshlán fúthu.
- Rochtain ar shaineolas speisialaithe ó bhaill foirne léachtóireachta ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí chomh maith le comhthiomsú acmhainní foirne fíorama trí chéimithe agus socrúcháin oibre.
- Pleananna gnó á dtaispeáint do ghníomhaireachtaí stáit, d'infheisteóirí cothromais phríobháidigh, do bhainc agus do chaipitlithe fiontair.

ACHOIMRE AR ENDEAVOUR 1

Rannpháirtithe Endeavour 2010	Stádas	Méid Cistiúcháin	Luacháil (*)	Suíomh Gréasáin
Bet-Tec	Cistiú	300,000	1,000,000	www.totelfootball.com
Ubecha (Blue Box)	Cistiú	250,000	1,200,000	www.ubecha.com
DataHug	Cistiú	750,000	2,900,000	www.datahug.com
Emissions Control	Faoi Athbhreithniú	nb	na	Faoi Athbhreithniú
Foxlightmedia	Gníomhach	nb	na	www.foxlightmedia.com
Gaelforce	Gníomhach	nb	na	www.gaelforcekerry.com
HKPB	Dara Cistiú 2011	500,000	1,300,000	www.hkpb.ie
iKITSystems	Gníomhach	nb	na	www.ikitsystems.com
imeeGOLF (Active Mind)	Cistiú	1,500,000	3,000,000	www.imeegolf.com
Learnpipe.com	Gníomhach	nb	na	www.learnpipe.com
Locallotto.ie	Gníomhach	nb	na	www.locallotto.ie
Reversadoor	Gníomhach	nb	na	www.reversadoor.com
Social Trainer	Níl sé Gníomhach	nb	na	na
TapMap	Cistiú	900,000	2,900,000	www.tapmap.com
Tender3D.com	Gníomhach	nb	na	www.tender3d.com

(*) Bunaithe ar na h-aighneachtaí ó chomhlachtaí rannpháirteacha ar na babhtaí maoinithe faoi láthair.

Is iad seo a leanas na gradaim a thugtar do chuideachtaí sa chlár Endeavour:

- An gradam "Spark of Genius" ag Cruinniú Mullaigh Ghréasáin Bhaile Átha Cliath;
- Gradam an Chumainn Bhogearra in Éirinn "Technology Start-up of the Year" (Gnólacht Teicneolaíochta nuathionscanta na Bliana);
- Buaiteoir InterTradeIreland Munster Seedcorn;
- Fiontraí na Bliana SCUUL.

Forbairt Oideachais an Ionaid

Clár an Ambasadóir Mac Léinn

Is é is Clár an Ambasadóir Mac Léinn ann ná comhthionscnamh de chuid Comhar na Sionna a earcaíonn mic léinn agus a chuireann oiliúint orthu chun a bheith ina n-ambasadóirí le haghaidh cur chun cinn an ardoideachais ar fud réigiún na Sionainne. Is é an chuspóir atá aige ar dtús báire, agus is í seo an phríomhchuspóir atá ag an gclár, ná spriocanna daltaí dara leibhéil i scoileanna faoi mhíbhuntáiste a ardú i ndáil le haistriú chuig an ardoideachas. Le linn na Bliana Acadúla 2009/2010 leathanaigh IT, Trá Lí raon an cháir san Institiúid chun freastal ar réimse scoileanna níos leithne agus thug Ambasadóirí Mac Léinn cuairteanna ar na scoileanna seo a leanas:

1. Scoil Chuimsitheach an Tóchair
2. Coláiste Phobail Thrá Lí
3. Coláiste Phobail Chill Orglain
4. Coláiste Phobail Chill Áirne
5. Meánscoil na Toirbhirte, Baile a' Mhuilinn
6. Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Trá Lí
7. Scoil na Trócaire Chnoc an tSeabhaic, Trá Lí
8. Gaelcholáiste Thrá Lí
9. Scoil Chuimsitheach an Tairbhirt
10. Pobail Scoil Chorca Dhuibhne
11. Coláiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
12. Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
13. Meánscoil Naomh Mhichíl, Lios Tuathail
14. Coláiste Naomh Bhréannain, Cill Áirne
15. Pobail Scoil Inbhear Scéine, An Néidín
16. Coláiste Phobail, Oileán Chiarraí
17. Meánscoil Naomh Iosaef, Mainistir na Féile
18. Coláiste Deas-Mhumhan, An Caisleán Nua

Clár Meantóireachta Comhpháirtí do Mhic Léinn Lánfásta

Ba í seo an dara bliain a bhí an Clár Meantóireachta Comhpháirtí do Mhic Léinn Lánfásta ar siúl san Institiúid. Go dtí seo bhí 32 mheantóir agus 179 mac léinn rannpháirteach sa chlár, clár atá dírithe ar an aistriú chuig an tríú leibhéal a éascú do mhic léinn lánfhásta.

Is clár é seo atá dírithe ar cabhrú leis an bpróiseas ina socraíonn mic léinn lánfásta síos. Déantar sin trí iad a chur i dteagmháil le mic léinn lánfásta eile agus le meantóir. Ina theannta sin soláthraíonn sé fóram fíormhaith chun tuilleadh a fhoghlaim faoi eispéireas an mhic léinn lánfásta uathu siúd atá sa chóras oideachais cheana féin. Sa bhliain acadúil 2009/2010 cláraíodh 18 meantóir agus 103 a ghlac le meantóireacht.

Deineadh an t-athbhreithniú ar Mheantóireacht Comhpháirtí do Mhic Léinn Lánfásta ar an 1 Bealtaine. Ar an iomlán is léir gur éirigh go maith leis an gclár.

Stíleanna Foghlama

I mí na Nollag tháinig deireadh leis an tionscadal faoi Stíleanna Foghlama/Diagnóisice don bhliain 2009/2010. Le linn na seachtaine Treoirshuímh bhí mic léinn céad bhliana de chuid Chomhar na Sionna rannpháirteach i dtionscadal Stíleanna Foghlama/Diagnóisice. Is í IT, Trá Lí an comhpháirtí ceannais sa tionscadal SIF 1 den tSraith 2. Sa bhliain seo chuir IT, Trá Lí an tionscadal seo i ngníomh go céimneach chuig scoileanna dara leibhéil ar bhonn trialach agus bhí daltaí na cúigiú bliana i Scoil na Trócaire Chnoc an tSeabhaic rannpháirteach sa tionscadal.

I mí na Samhna scaipeadh an tríú tuarascáil ar an bhfoireann acadúil agus cuireadh ceardlanna ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn an réigiúin i ngach institiúid chomhpháirtíochta. Cuireadh seisiúin leantacha ar fáil d'fhoireann Scoil na Trócaire Chnoc an tSeabhaic agus tá súil againn go mbeidh tábhacht an tionscadail maidir le Teasgasc agus Foghlaim ag méadú sa réigiún amach anseo.

Gradaim Chomhar na Sionna

Bhí Michael Crossan, Léachtóir sa Scoil Ghnó agus an Staidéir Shóisialta, ITT, rannpháirteach sa chlár gradaim Teagaisc de chuid Chomhar na Sionna. Bhain a phunnann an gearrliosta amach, rud a chiallaíonn go raibh sé i measc an gcúigear is fearr ar liosta na ngradam. Toradh den scoth ab ea é seo do Mhichael agus d'Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, agus is luach saothair cuí é ar an obair ar fad atá curtha isteach ag Michael ar a phunnann teagaisc. Déanaimid comhghairdeas le Michael as ucht a bhfuil bainte amach aige, agus le baill foirne eile leis, a chabhraigh leis trí tabhairt faoi sheisiúin breathnóireachta comhpháirtí, taifeadtaí ranga agus obair eile den tsórt seo. Bhí an searmanas bronnta ar siúl Dé Céadaoin 28 Aibreán in Ollscoil Luimnigh.

NDLR (Acmhainní Digiteacha Foghlama Náisiúnta)

Reáchtáil an tIonad um Fhorbairt Oideachais seisiún Forbartha Foirne ar an 13 Bealtaine 2010. Thug **Catherine Bruen (**NDLR) ceardlann dar teideal "Sharing Digital Resources for Teaching & Learning through the NDLR". (Acmhainní Digiteacha le haghaidh Teagaisc & Foghlama a roinnt tríd an NDLR). Bhí an cheardlann seo dírithe ar an saghas tacaíochta a thugann an NDLR d'úsáid inneachair digitigh oscailte chun caighdeán acmhainní teagaisc a fheabhsú, cleachtas teagaisc a ghabhann leo a chur chun cinn; laghdú costas an teagaisc a spreagadh trí acmhainní digiteacha a roinnt agus a athúsáid, agus tacú le forbairt chomhoibritheach agus roinnt acmhainní thar earnáil an oideachais in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tionscadail NDLR de chuid na foirne á dtaispeáint

Chuir ceathrar dár gcomhoibrithe tionscadail i láthair ar an Lá Forbartha Foirne. Bhíodar ag oibriú le bliain anuas ar thionscadail a fuair maoiniú ón NDLR. Mar chuid den obair seo bhíodar ag forbairt ábhair foghlama ar líne agus d'éirigh go breá leis an gceathrar san obair atá déanta acu. Cuireadh na tionscadail i láthair leis, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Moladh caighdeán na dtionscadal ag an ócáid sin. Is é an NDLR (Acmhainní Digiteacha Foghlama Náisiúnta) a mhaoiníonn na tionscadail agus táid dírithe ar fhorbairt cuspóirí foghlama in-athúsáidte. Dhein an Dr. Oliver Murphy comhghairdeas leis na baill foirne a bhí rannpháirteach as ucht gur éirigh lena gcuid tionscadail NDLR agus dúirt sé gur mhaith an rud é tuilleadh cuspóirí foghlama a fhorbairt agus a ghiniúint.

Ba iad teidil na dtionscadal ná:

- *Sets of Reusable Learning Objects for different functions in Excel (Sraitheanna de Chuspóirí Foghlama in-athúsáidte d'fheidhmeanna difriúla in Excel)* **Anne Marie Courtney;**

- *Developing Reusable Learning Objects on paraphrasing as part of a set of study skills (Cuspóirí Foghlama in-athúsáidte ar pharafrásaíocht a fhorbairt mar chuid de shraith de scileanna staidéir)* **Tom Farrelly;**

- *The development of a Reusable Learning Object "You as a facilitator" for Inter-professional team development (Forbairt Cuspóra Foghlama in-athúsáidte "Tusa mar éascaitheoir" d'fhorbairt foirne idirghairme)* **Siobhan Ní Mhaolrúnaigh;**

An interactive DVD/e-learning tool to support teaching and learning in Anatomy and Injury Management (DVD idirghníomhach/uirlis ríomhfhoghlama chun tacú le teagasc agus foghlaim i mBainistiú anatamaíochta agus gortaithe) **Aoife Ní Mhuiri.**

D'fhreastail roinnt mhaith ball foirne ar na seisiúin lá forbartha foirne agus dúradar ina n-aischothú gur sheisiúin fhaisnéiseacha iad agus gur éirigh go maith leo.

Oiliúint Blackboard/WebCT

D'fhreastail 52 duine ar an ngrúpa WebCT agus ar sheisiúin oiliúna duine le duine ar fud na Bliana Acadúla 2009/2010. Ba meascán é seo de sheisiúin sheachtainiúla ag am lóin agus seisiúin ar leith duine le duine a bhí eagraithe ag an oifig _CED. Lena chois sin reáchtáladh roinnt ceardlanna, mar shampla, 'Developing Educational Resources (Acmhainní Oideachais a fhorbairt) (a d'úsáid Camptasia)', "Developing Digital Content for Teaching and Learning" (Inneachar Digiteach le haghaidh Teagaisc agus Foghlama a Fhorbairt) agus "Using TurnItIn" (TurnItIn a Úsáid) i mí Eanáir 2010. Ba iad Paul Gormley agus Catherine Bruen ó Vista Elearning Consultancy agus Training Ltd. a d'éascaigh an seisiún.

Gnó sa Phobal

Tugann an tionscnamh seo léargas ar an láthair do dhaltaí dara leibhéil ar shaol na hoibre agus ar éagsúlacht na rólanna fostaíochta laistigh de chuideachta. Bhí daltaí ó Scoil Chuimsitheach an Tóchair i mbun clár bliana i gcomhar le Comhpháirtíocht Gnó na Scoileanna – tionscnamh de chuid Gnó sa Phobal (Éire). Sa chlár seo tugtar deis do dhaltaí eolas a chur ar na gairmréimeanna éagsúla atá ar fáil ag eagraíocht tríú leibhéil agus éisteacht le fostaithe faoina gcuid oibre a bhíonn ar siúl acu ó lá go chéile. Lasmuigh de chuairt ar láthair IT, Trá Lí bíonn deis ag na daltaí freastal ar cheardlanna CV, agallaimh bhréige agus ar fhorléargas cuideachta.

Laethanta Forbartha do bhFoireann

17 Nollaig 2009

Seo an oiliúint a tugadh ar an lá:

Ann Heelan, AHEAD

Conor Hartigan, An tIonad Measúnaithe Teicneolaíochta Cúnta, OL

Martina Crehan, Learning & Teaching Centre, IT Bhaile Átha Cliath

D'fhreastail 39 mball foirne ar an imeacht seo.

2 Marta 2010

Ba iad na hAoichainteoirí ná:

An tUas. John Drummey (*John Drummey Communications)*

Alison Boardman, Uas. (*Unique Voice)*

D'fhreastail 19 mball foirne ar an imeacht seo.

13 Bealtaine 2010

Ba iad na hAoichainteoirí ná:

Owen Ross (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain)

Catherine Bruen (NDLR)

Taispeántas tionscadal de chuid foireann an NDLR

D'fhreastail 36 bhall foirne ar an imeacht seo.

Oiliúint Iarchéime

Reáchtáil an Dr. Sean Lacey dhá cheardlann do mhic léinn iarchéime i mí na Nollag.

Is iad na hábhair a pléadh ná:

Dearadh Ceistneoir Taighde

D'fhreastail 17 mball foirne ar an imeacht seo.

Staitisticí agus SPSS – An Nasc

D'fhreastail 14 bhall foirne ar an imeacht seo.

Reáchtáladh tuilleadh Laethanta Oiliúna Iarchéime ar an:

1 Márta 2010

Pléadh na hábhar seo a leanas sna ceardlanna:

Oiliúint ar Endnote arna héascú ag an Uas.Donal O'Sullivan

D'fhreastail 10 mball foirne ar an imeacht seo.

Staidreamh do Thaighdeoirí arna éascú ag an Dr. Sean Lacey

D'fhreastail 4 bhall foirne ar an imeacht seo.

5 Bealtaine 2010

"Próiseas Taighde, Scríbhneoireachta agus Foilsitheoireachta inbhuanaithe a fhorbairt"

Curtha i láthair ag an Uas. Lawrence Cleary ó Ionad Scríbhneoireachta Réigiúnach Chomhar na Sionna;

D'fhreastail 6 bhall foirne ar an imeacht seo.

"Litearthacht Físe: Ardscileanna Láithreoireachta"

Curtha i láthair ag Lorna Moloney, Uas. ó Merriman Research & Training Ltd.

D'fhreastail 6 bhall foirne ar an imeacht seo.

Tacaíocht Iarchéime

Sa Bhliain Acadúil 2009/2010 d'éascaigh an Dr Sean Lacey seisiúin Tacaíochta Staidrimh Iarchéime do bhaill foirne idir an 30 Deireadh Fómhair 2009 agus an 10 Bealtaine 2010. Fuarthas aiseolas an-dearfach.

Cúlráid na Scríbhneoirí Iarchéime

Reáchtáladh an ócáid seo Dé Domhnaigh an 29 Samhain go Dé Céadaoin an 2 Nollaig ag Cé an Chúil Bháin i Luimneach. D'fhreastail ceathrar mac léinn iarchéime ó ITT ar Chúlráid na Scríbhneoirí Iarchéime. Ba iad seimineáir struchtúrtha, comhairle ar scríbhneoireacht agus leideanna praiticiúla ar fhoilsitheoireacht cuid den gclár ach ba í an phríomhchuspóir a bhí aige ná timpeallacht a chur ar fáil ina bhfuil ar chumas na mac léinn iarchéime díriú isteach go huile agus go hiomlán ar thasc scríbhneoireachta a bhí idir lámha acu. Ba é an chuspóir a bhí ag an rannpháirtíocht ná tús a chur le píosa scríbhneoireachta léannta comhleanúnach, é a chur ar aghaidh agus a chríochnú d'fhonn é a fhoilsiú (m.sh. alt irise, caibidil de thráchtas, moladh i gcomhair leabhair). Ba é an tOllamh Sara Moore ón Ionad Scríbhneoireachta Réigiúnach, OL, a d'éascaigh an cheardlann. Ba é an tIonad um Theagasc agus Fhoghlaim agus Scoil na gCéimithe ag OL a d'eagraigh an ócáid trí Chomhar na Sionna.

Scifest 2010

Is é is SciFest ann ná féile eolaíochta lae a reáchtáladh ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí Dé Céadaoin 12 Bealtaine 2010. Comórtas Eolaí Óig Réigiúnach atá ann a bhí oscailte do gach dalta dara leibhéil. Fuarthas 31 iarratas tionscadail don ócáid. Ba é an tUas. Michael Carmody, Uachtarán na hInstitiúide, a d'oscail an ócáid i dteannta an Dr Gary McDarby a thug láithreoireacht faoi *"Compassion, Innovation and Adversity – How Human Hardship can Inspire Technology Ingenuity". (Comhbhá, Nualaíocht agus Angar – Mar a Spreagann Cruatan an duine Seiftiúlacht Theicniúil).* Lean taispeántas tionscadail an méid seo mar aon le taispeántais ó Pháirc Náisiúnta Chill Áirne dar teideal "Super Furry Animals" (Ainmhithe fíor-fhionnaitheacha), "Energy Extravaganza" (Seó mór fuinnimh) chomh maith le taispeántas Robataicea chuir Roinn na Ríomhaireachta, IT , Trá Lí ar siúl.

Roghnaíodh **Muireann Keating**, dalta 12 bhliain d'aois i Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí, mar Bhuaiteoir Gradam Tionscadail is fearr. Ghnóthaigh a tionscadal dar teideal 'Is school deafening us?' (An ndéanann an scoil bodhar sinn?) an chéad duais, is é sin, trófaí mar chomhartha ar a bhfuil bainte amach aici sa chomórtas. Lena chois sin fuair sí dearbhán. Bhuaigh Muireann dhá ghradam eile lena n-áirítear an Gradam Discover Sensors agus an Gradam Sóisearach d'Eolaíocht Fhisiciúil is fearr.

Is iad seo a leanas na buaiteoirí gradaim eile:

An dara áit – John Prendergast, Brian Daly & Fiona Reidy, Scoil na Trócaire Chnoc an tSeabhaic, Trá Lí;

An scoil is fearr – Scoil Idirmheánach, Cill Orglan;

Gradam an Chumarsáidí is fearr – Patrick Rohan, Anna Fiddler & Karina Fitzgerald Meánscoil Chaisleán Ghriaire;

Ardmholadh, Gradam Discover Sensors – Shane Hayes & Michael Dillane Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Trá Lí.

Bhí freastal an-mhaith ar an ócáid agus d'éirigh go hiontach ar fad leis. Tá tuilleadh sonraí ag *www.ittralee.ie/scifest*

Oifig na nEastát

Réamheolas

Tá dhá champas ag ITT i mbaile Thrá Lí. Is é 31,000 méadar cearnach achar urláir iomlán na bhfoirgneamh. Tá 18,500 méadar cearnach díobh seo ar an gCampas Thuaidh, áit a bhfuil an ITT. Clúdaíonn sé 63 acra. Tá an 12,500 méadar cearnach eile ar an gCampas Theas, campas a bhfuil 7 n-acra ann. Meastar go gcuireann an coláiste €40m éigin le heacnamaíocht na háite. Tá Oifig na nEastát ag IT, Trá Lí freagrach as bainistíocht na n-áiseanna agus na n-eastát ar an dá champas, na bhfoirgneamh, na dtáilte, na mbóithre agus na dteorainneacha.

Tograí/Obair atá déanta

Anseo thíos tá liosta na dtograí agus na n-oibreachta atá déanta ag Oifig na nEastát sa tréimhse ó Mheán Fómhair 2009 – Lúnasa 2010:

a. **Cead Pleanála:**

Lorg Oifig na nEastát cead pleanála le haghaidh na dtograí seo a leanas:

- Geata isteach chuig an gCampas Thuaidh do choisithe;
- Rochtain do choisithe ó Chois na gCeártan chuig an Institiúid in aice leis an gcrèche;
- Méadú le mBothán na Talmhaíochta ar an gCampas Theas;
- Díon inlíonta in aice le tigín an choire ar an gCampas Theas. Gheofar spás breise stórála don gClár Sláinte & Fóillíochta mar seo.

b. Foirgneamh an Acadamh Spóirt:

Tá an-chuid oibre déanta chun an togra seo a chur chun cinn. Tá pleananna costais maidir le foirgniú agus samhlacha oibríochta molta agus tá scrúdú mionsonraithe déanta orthu. Déanfar tuilleadh dul chun cinn sna blianta amach anseo. D'eisigh Oifig na nEastát doiciméad treorach mionsonraithe d'ITT, do dhearthóirí a bheidh ag obair air agus d'oibreoirí maidir lena mbeidh ag teastáil chun an struchtúr beartaithe a thógáil ar shlí a chinnteoidh go mbeidh sé chomh héifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus cúrsaí comhshaoil de agus is féidir.

c. Caifé nua ar an gCampas Thuaidh:

Tugadh faoi na pleananna chun an siopa atá i mBloc R faoi láthair a aistriú chuig an sean-leabharlann i mBlock S i 2009/2010. Lorgaíodh moltaí ón bhfoireann agus glacadh le gach moladh a deineadh sa mhéid agus a b'fhéidir. Ullmhaíodh dearadh mionsonraithe agus ghlac an tOifigeach Dóiteáin leis. Cuireadh tús leis na hoibreacha le linn an tsamhraidh 2010 agus beidh an Caifé nua go hiomlán réidh don Bhliain Acadúil seo chugainn. Is ionad é an caifitéire nua seo ina dtagann baill foirne agus mic léinn araon le chéile agus cuireann sé le heispéireas gach duine ar an gCampas Thuaidh.

d. Foirgnimh bhreise ar an gCampas Theas:

Le linn an tsamhraidh 2010 cuireadh dhá struchtúr breise leis an gCampas Theas:

Méadú Bothán na Talmhaíochta: Bhí gá mór le tuilleadh spáis anuas ar an spás a bhí againn sna struchtúir a bhí ann cheana féin.

Díon Inlíonta don gClár Sláinte & Fóillíochta: Mar thoradh ar an struchtúr seo a thógáil tá spás stórála breise ag an Roinn, áit gur féidir a lán den trealamh do ghníomhaíochtaí lasmuigh a stóráil. Spás aeráilte é seo a ligeann don trealamh seo triomú. Lena chois sin tá treoracha tugtha ag Oifig na nEastát an struchtúr a neartú d'fhonn moladh i dtaobh bailiú báistí a chur i ngníomh san am atá romhainn.

e. Párcáil gluaisteán sa Champas Theas:

Méadaíodh an carrchlós laistiar d'Ionad Nuálaíochta Chiarraí chun 100 spás páirceála breise a chur ar fáil.

f. Oibreacha samhraidh 2010:

Bhí liosta cuimsitheach d'oibreacha samhraidh ag Oifig na nEastát atá go léir críochnaithe. Deineadh na hoibreacha ar an gCampas Thuaidh agus ar an gCampas Theas agus ba é €300 míle a luach. Seo roinnt samplaí de na hoibreacha:

- Clár na scór agus teasc a shuiteáil ar pháirc CLG an Champais Thuaidh;
- Dhá fothain do chaiteoirí tobac a shuiteáil ar an gCampas Thuaidh agus ceann amháin ar an gCampas Theas;
- Dhá fothain rothair a shuiteáil ar an gCampas Thuaidh agus ceann amháin ar an gCampas Theas;
- Crannliacht ar an gCampas Theas;
- Deisiúcháin fíor-riachtanacha ar Dhíon B/IT;
- Uasghrádú ar shoilsiú sráide lasmuigh;
- Stiúideó ceoil a shuiteáil i bhFoirgneamh Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta.

g. Tairiscint Cúrsaí Leictreacha:

D'fhógair an Institiúid an tairiscint maidir le Cúrsaí Leictreachais agus Cothabhála ar an 4 Bealtaine 2010 agus ba é an 14 Meitheamh 2010 an dáta dúnta. Bronnadh an conradh ar Michael O'Connell Electrical Services Ltd (MOCEL). Cabhraíonn an obair a dheineann foireann MOCEL go mór le gnáthoibriú áiseanna agus oibreacha na hInstitiúide.

h. Drochaimsir:

Ba mhaith leis an mBainisteoir Eastát an deis seo a thapú agus aird a dhíriú ar rannchuidiú na bhfeighlithe, an fhoireann slándála, na gconarthóirí ar an suíomh agus Oifigeach Cúnta na bhFoirgeamh. Tá ardmholadh tuillte acu as ucht na hoibre a dheineadar chun a chinntiú nár dhein an aimsir chrua a bhuail an tír ar fad sa gheimhreadh 2009/2010 ach fíorbheagán damáiste d'fhoirgnimh agus bhonneagar na hInstitiúide a bhuíochas le maoirseacht chumasach agus úsáid chuí na gcóras teasa go léir. Ní raibh ach an íoslíon foirne ar an suíomh le linn saoire na Nollag a bhí ag déanamh iniúchtaí fíor-riachtanacha chun go bhféadfaí gach fadhb a chur faoi smacht agus a dheisiú láithreach.

i. Suirbhé rochtana:

I mí Mheithimh coimisiúnaíodh Suirbhé Rochtana don gCampas Thuaidh agus don gCampas Theas mar chuid de thionscnamh chun go mbeidh an caighdeán rochtana inghlactha céanna ag an dá champas do gach duine. Cuireadh an obair seo i gcrích le linn an tsamhraidh agus sonraíodh clár oibreacha. Tugadh faoi thogra amháin láithreach bonn, is é sin, deasc atá inrochtana do chatheoireacha rothaí a shuiteáil i ngach ceann de na 18 saotharlann ríomhaire sa bhFoirgneamh BIT chun gur féidir le mic léinn ar bith a úsáideann cathaoir rothaí saotharlann ríomhaire ar bith a úsáid.

j. Áiseanna Spóirt:

Is léir anois gur mór gurbh fhiú fál lucht féachana a chur mórthimpeall na páirce CLG. Chuige seo deineadh cinneadh fál a chur mórthimpeall an Raon Rite Brat Gainnnimh agus na Limistéirí Traenála chun smacht níos fearr ar an lucht féachana a fháil agus lena chois sin, chun míolra ar nós coiníní a coimeád lasmuigh den áis. Bhí coiníní ina gcúis le dhá fhadhb i limistéar an Raon Rite, áit a raibh an-chuid dá salachar fágtha ina ndiaidh agus ina rabhadar ag tochailt de shíor. Bhíodh baol gortaithe don lucht spóirt ann murar tugadh poll faoi deara agus murar líonadh é in am.

Ceannaíodh córas uiscithe do Limistéar an Pháirc Imeartha CLG mar bhain téimhsí fada tirime i rith an tsamhraidh de chaighdeán an fhéir i gcuid de na samhraí.

Caomhnú Fuinnimh in ITT

Anseo thíos tugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh ag an Institiúid i réimse an Bhainistiú Fuinnimh & Acmhainní ó thaobh cúrsaí comhshaoil de. Sa chás seo tá Oifig na nEastát ag obair go dian dícheallach chun ídiú ola, gáis, uisce agus aibhléise a laghdú agus an oiread leas agus is féidir a bhaint as foinsí inathnuaite ar nós cumhacht gréine agus uisce báistí.

a. Gradaim Fuinnimh Inmharthana:

I 2009 ainmníodh Oifig na nEastát, IT, Trá Lí le haghaidh dhá ghradam Fuinnimh Inmharthana i

Catagóir E- Sármhaitheas i gClár Bainistíocht Fuinnimh Comhordaithe

Catagóir F - Bainisteoir Fuinnimh den Scoth na Bliana

I mí na Samhna 2009 ag an searmanas bronnta i mBaile Átha Cliath ba í Oifig na nEastát ITT buaiteoir náisiúnta Catagóire E. Go hachomair, dúirt breithiúna SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) go

rabhadar an-tógtha leis an anailís mhionsonraithe agus an bhéim ar chás láidir gnó a ghabh le seachadadh an chláir in ITT. Ba léir go raibh ag éirí go hiontach leis an gclár ar an gCampas Thuaidh mar tháinig laghdú 20% ar ídiú aibhléise agus laghdú 39% ar ídiú fuinnimh theirmigh (Ola).

Lena chois sin cuireadh Oifig na nEastát ar an ngearrliosta do ghradam na Catagóire F - 'Bainisteoir Fuinnimh den Scoth na Bliana - Úsáideoir beag/meánach' agus cuireadh i measc an trí cinn is fearr ar an leibhéal náisiúnta í.

Tá na gradaim seo tábhachtach mar is í ITT an chéad choláiste tríú leibhéil a bhí ar an ngearrliosta le haghaidh dhá ghradam agus arb é an chéad bhuaiteoir ón tríú leibhéal é a bhuaigh a leithéid de ghradam ar an leibhéal náisiúnta.

b. Soilsiú:

Dhein Oifig na nEastát suirbhé ar shoilsiú istigh ar an gCampas Theas ag IT, Trá Lí agus lorgaíodh meastacháin chun uasghrádú a fháil don gcóras seo. Chuir Oifig na nEastát soilse níos éifeachtaí ó thaobh cumhachta de in ionad na soilse a bhí ann le 25 bliana anuas nó mar sin agus shuiteáil sí braiteoirí solais in áiteanna cuí.

Lena chois sin suiteáladh rialtáin soilsithe LEC ar an gCampas Thuaidh agus ar an gCampas Theas chun ualaigh leictreacha a laghdú ar chiorcaid sheachtracha an tsoilsithe phoiblí. Mar thoradh ar na hoibreacha seo ar fad laghdaíodh an ídiú fuinnimh ag an Institiúid agus tá córas soilsithe feabhsaithe curtha isteach. Bhí laghdú 11% ar úsáid abhléise i mí Aibreáin 2010 i gcomparáid le mí Aibreáin 2009.

c. Alt san Sunday Business Post:

Cuireadh Donal Hunt (an Bainisteoir Eastát) faoi agallamh ag an Sunday Business Post i mí Bhealtaine 2010. Deineadh an t-agallamh chun aird a dhíriú ar mar a d'éirigh tionscnaimh IT, Trá Lí ídiú fuinnimh a laghdú agus ar an ngradam náisiúnta a bhí buaite aici as ucht a cuid iarrachtaí sa réimse seo.

d. Iarratais ar Chabhair Deontais:

Sa samhradh 2010 thug Oifig na nEastát faoi iarratas ard-sprice chuig SEAI ar chabhair deontais le haghaidh 12 thogra beartaithe a mbeifí ag súil le leithdháileadh deontais idir €200 agus €300 míle ina leith.

Oifig na nEastát

An tUas. Donal Hunt, Bainisteoir Eastát

An tUas. John Daly, Oifigeach Cúnta Foirgneamh / Oifigeach Sláinte & Sábháilteachta

An Scoil Ghnó agus an Staidéir Shóisialta

Tá ceithre Roinn sa Scoil Ghnó agus an Staidéir Shóisialta:

- Faisnéisíocht Ghnó
- Staidéar Gnó
- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
- Léann Daonna

Cúrsaí Nua

BA i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

BA (Onóracha) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Rudaí atá ina n-ábhair suime

Cuireadh tús leis an mBA i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta i mbliana le 14 mhac léinn sa chéad bhliain. Tá modúil chomhroinnte ag an gclár seo leis an gclár BA i mBainistíocht Tuarasóireacht Eachtraíochta.

Is comhdháil idirnáisiúnta an IDT 2009 (International Tagung fuer Deutschlehrerinnen und Deutschlehrer) do mhúinteoirí Gearmáinise ag gach leibhéal oideachais agus eagraítear é i gceann gach ceithre bliana. Ag comhdháil na bliana seo a bhí ar siúl i Jena/Weimar (an Ghearmáin) chuir Kristin Brogan dhá pháipéar i láthair sa Gearmáinis: ceann amháin ar an tionscadal LdV Vocal agus an ceann eile ar a cuid taighde ar mhic léinn Erasmus as Éirinn agus a gcuid Staidéir Thar Lear. Féach *http://www.idt-2009.de/* chun tuilleadh sonraí a fháil.

Bhí an 8ú cruinniú ag an *IoTs Languages Strategy Network* (Líonra Straitéise IoTs um Theangacha) in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Bhí cuireadh ag Mary Ruane [Stiúrthóirí ó Ionad Teanga Choláiste Ollscoile BÁC] mar aoichainteoir. Is í Kristin Brogan an chomheagraí.

D'fhreastail Kristin Brogan ar an gcomhdháil *LIN 2009* i mBaile Átha Luain. Féach ar http://www.lin-ireland.com/index.php?title=LIN_Conference chun tuilleadh eolais a fháil.

Bhí a chomhdháil bhliantúil ag ATLTGI [Cumann Múinteoirí Triú Leibhéil na hÉireann] i gCOC. Is í Kristin Brogan an comh-chathaoirleach. Féach ar http://www.germaninireland.org/index.htm chun tuilleadh eolais a fháil.

Bhí chéad chruinniú na gcomhpháirtithe ag an tionscadal LdV [Aistriú Nuálaíochta] *Ready, Study, Go – Ahead* atá á mhaoiniú ag an AE. Is i Rouen a bhí an cruinniú seo agus beidh an dara cruinniú ar siúl i Soltau, na Gearmáine. Ba í Kristin Brogan an cathaoirleach. Is í an Bainisteoir Cáilíochta í.

D'eagraigh Léargas Ceardlann eolais ar Ghlao 2010 maidir le TOI (Aistriú Faisnéise) agus tionscadail chomhpháirtíochta. Ar na míreanna a bhí ar an gclár oibre áirítear ceann dá dtionscadail TOI a chur i láthair. Iarradh ar Kristin Brogan an tionscadal LdV *Vocal* a chur i láthair a raibh ITT mar chomhordaitheoir air.

D'eagraigh Coláiste na Tríonóide an comhdháil bhliantúil NAIRTL ar fhoghlaim agus mhúineadh a bhfuil taighde mar bhonn eolais faoi. D'fhreastail Kristin Brogan ar an ócáid agus scaip sí an t-eolas ag ITT.

D'eagraigh COC siompóisiam ar chaidrimh gnó a raibh an teideal seo a leanas air: SPOTLIGHT GERMANY: GERMAN-IRISH RELATIONS SINCE 1989 - DEVELOPING INTERNATIONAL CAREERS: THEORY AND PRACTICE. D'fhreastail Kristin Brogan ar an siompóisiam agus scaip sí an t-eolas ón siompóisiam.

Bhí ceathrú cruinniú na gcomhpháirtithe ag an tionscadal Molan de chuid an AE i Thessaloniki na Gréige. Bhí Kristin Brogan mar ionadaí ar ITT i láthair. Féach ar www.molan-network.org chun tuilleadh eolais a fháil.

Chuaigh mórsheisear mac léinn TS/BS na céad bhliana ar thuras de chuid ITT go Koln na Gearmáine le linn lár-téarma. Tá na mic léinn go léir ag staidéar na Gearmáinse agus fuaradar blas de chultur agus teanga na Gearmáine ar an turas seo. Thaistil Kristin Brogan in éineacht leis an ngrúpa.

Bhí an ceathrú comhdháil ag an *Lithuanian Language Teachers Association* (Cumann Múinteoirí Teanga na Liotuáine) i Kaunas na Liotuáine. Thug Kristin Brogan láithreoireacht ar a cuid taighde agus bhí sí mar chathaoirleach ar cheann de na seisiúin tráthnóna. Bhreac sí an páipéar i gcomhar lena comh-oibrí, an Dr. Muiris Ó Laoire.

Bhí an cruinniú deiridh roimh shos an tsamhraidh ag an *nGrúpa Líonraithe Múinteoirí Chiarraí um Nuatheangacha i mBunscoileanna*. Bhuail an grúpa seo le chéile i gceann gach séú seachtaine le linn na scoilbhliana agus d'eagraigh sé trí cheardlann in Ionad Oideachais Thrá Lí. Bhí an Dr. Muiris Ó Laoire ar dhuine de na láithreoirí. D'éirigh leis an ngrúpa seo maoiniú a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Is comheagraithe iad Lucia Atencia agus Kristin Brogan.

Chinn baill de choimeádaithe Chumann Tráchtála na Gearmáine - na hÉireann gur mhaith leo a nGradam Bliantúil do Choimeádaithe a bhronnadh ar an ngrúpa oibre (Grúpa Oibre Gearmáinis i gcomhair Gnó). Is bonn é seo a thabharfar don eagraí chun buíochas a ghabháil leis/léi as ucht a chuid iarrachtaí leanúnacha chun an Ghearmáinis a chur chun cinn in Éirinn. Is í an Dr. Gisela Holfter ó OL eagraí an ghrúpa. Is ball í Kristin Brogan.

Thug Ollúna ón "Ardscoil Rince i Malaga" (Conservatorio Superior de Danza de Málaga) seimineáir agus ceardlanna rince do mhic léinn téatar tuaithe agus corpoideachais ag an Institiúid.

Thug mic léinn téatar tuaithe sraith ceardlanna i scoileanna laistigh de cheantar CGO Chiarraí. Bhí an tionscadal comhordaithe ag Kate Donavan, Seirbhís Oideachais Chiarraí, agus Sharon Phelan i dteannta a chéile.

Chuir Sharon Phelan imeachtaí 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta Fóram Taighde Rince in eagar. Ba é Ceann na Comhairle Rince sna hEalaíona, Davide Terlingo a sheol na himeachtaí ar an Aoine, 13 Samhain.

Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais & Scileanna Sharon Phelan chun acmhainní ar líne le haghaidh rince a chumadh do mhúinteoirí Siollabas na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Is í Sharon Phelan éascaitheoir Náisiúnta Rince ag an Roinn Oideachais & Eolaíochta.

Déanfaidh Sharon Phelan ionadaíocht ar an Earnáil TF ar Fheidhmeannacht Náisiúnta um Thaighde Téatair. Beidh ionadaíocht ag OÉ, Coláiste na Tríonóide, OL agus Ollscoil Chathair BÁC, leis.

Bhí Pat McGarty mar chathaoirleach ar an gCoiste um Chaighdeáin Náisiúnta CDBOO maidir le Cúram Sóisialta.

Tá Pat McGarty ar bhord Chúraim Shóisialta Éireann, an eagraíocht ionadaíochta do bhainisteoirí, cleachtóirí agus oideachasóirí cúraim shóisialta.

Críochnaíodh an tionscadal AE + Outlab go rathúil; féach ar **http://www.outlab.ie** chun tuilleadh eolais a fháil. Ba iad an Dr. Michael Hall agus Kristin Brogan na rannpháirtithe ó ITT sa tionscadal Eolaíochta a bhí á comhordú ag Ionad Oideachais Thrá Lí.

Bhí Ostán, Lónadóireacht agus Turasóireacht & Staidéar Gnó ina n-óstaigh do chéad chruinniú de chui Geallshealbhóirí Thurasóireacht Chiarraí i mí Eanáir chun cur chuige i leith forbairt agus margaíocht na turasóireachta ar fud na contae a éascú. D'fhreastail 25 rannpháirtí ar an gcruinniú arb ionadaithe iad ar réimse geallshealbhóirí turasóireachta.

AEHT - Bhí Deirdre Sugrue in éineacht beirt mhac léinn Fáilteachais (Chido Takawira agus Daniel Griffin) chuig Comórtais de chuid Comhghrúpa Eorpach na Scoileanna Fáilteachais & Turasóireachta i nDubrovnik i mí na Samhna.

Mar chuid d'Fhéile Scannáin Chiarraí a lean ar aghaidh ar feadh seachtaine agus a bhí eagraithe ag Samhlaoícht Chiarraí, thug Tomm Moore léacht dár mic léinn Ilmheáin Idirghníomhacha / TV Raidió & Meáin Nua agus Teicneolaíocht an Cheoil agus do roinnt mac léinn ónár gcuid meánscoileanna áitiúla Dé Luain 2 Samhain 2009. Is beochantóir agus maisitheoir ó Chill Chainnigh é Tomm Moore agus ba chomhbhunaitheoir an stiúdió beochana Cartoon Saloon é sa bhliain 1998 nuair a bhí sé ina bhliain dheiridh ag Baile Formaid. Chuir Kay Fitxgerald, Ceann Faisnéisíochta agus Jason O'Mahony ó Shamhlaíocht Tomm in aithne do na mic léinn. Bhí freastal maith ar an ócáid agus tugadh a lán eolas sa léacht chomh maith le mioneolas ar stíl nua na 'beochana soilseacháin' atá cuimsithe sa scannán, agus ar an tionscal beochana reatha in Éirinn. Cuireadh seisiún ceiste agus freagra ar siúl tar éis an léachta.

I mí na Samhna d'eagraigh mic léinn Bainistíocht Ócáide (Leibhéal 7 EBM) ceithre thuras cultúrtha deireadh seachtaine do mhic léinn idirnáisiúnta an choláiste ar mhaith leo eolas a chur ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann. Thugadar cuairt ar Bhaile Átha Cliath, Luimneach agus ar Iarthar an Chláir faoi seach agus bhí 94 mhac léinn san iomlán rannpháirteach sna turasanna. Thug siad aischothú an-dearfach ar fad.

Labhair Siobhan Seoighe, aoi-léachtóir, le mic léinn Turasóireacht Eachtraíochta i mí Eanáir. Is Bainisteoir Ócáide í Siobhan le Rith 2010 ar maratón timpeall na hÉireann é. Tá sé difriúil sa mhéid go reáchtáiltear i mí Mhárta é, tráth a gcuirtear an Ghaeilge chun cinn i measc an phobail.

Ceann Gníomhach na Scoile (Meán Fómhair 2009 – Márta 2010):	An tUas. Michael Carmody
Ceann Scoile (Márta 2010):	Kay Fitzgerald, Uas.
Ceann Roinne (Staidéar Gnó):	Mary Rose Stafford, Uas.
Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó) (go dtí an 5 Bealtaine 2010):	Kay Fitzgerald, Uas.

Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó) (5 Bealtaine 2010):	Mary Lucey, Uas.
Ceann Roinne (Léann Daonna) (go dtí Eanáir 2010):	An tUas. Pat McGarty
Ceann Roinne (Léann Daonna) (Eanáir 2010):	Aisling Sharkey, Uas.
Ceann Roinne (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):	Mary Rose Stafford, Uas.
Ceann Rannáin (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):	An tUas. T.J. O'Connor

Scoil na hInnealtóireachta agus na Foirgníochta

Eolas Ginearálta

I mí Mheán Fómhair 2009 eagraíodh céimeanna 2 agus 3 de chúrsaí innealtóireachta ina deineadh seimeastáir ina n-iomláine; seachadtar gach cúrsa innealtóireachta de réir struchtúr seimeastáir faoin am seo. Mar thoradh ar an athrú seo bhí orainn na hamchláracha go léir a athchumadh. Lena chois sin chuir an beart seo Modúil Leathanaithe Oideachais isteach.

Tháinig an chéad ghrúpa mac léinn isteach ar an gcúrsa BEol. i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh (Leibhéal 7) i mí Mheán Fómhair 2009. Bhí 52 mhac léinn san ionghabháil seo.

Cuireadh tús le Mion-dámhachtainí i bhFuinneamh Inathnuaite (curtha isteach ag an Dr. Pat Carney) Insliú Foirgnimh (curtha isteach ag Tim Segal) agus Teicneolaíocht Innealtóireachta (curtha isteach ag an Dr. Joseph Walsh) ar an 17 Meán Fómhair. Ghlac 37 mac léinn le háiteanna ar an gcúrsa Fuinnimh Inathnuaite, 6 ar Insliú Foirgnimh agus 19 ar Theicneolaíocht Innealtóireachta.

Tá beirt d'fhoireann Liebherr Container Cranes Ltd a bhfuil nascanna ag an Institiúid leis, ag freastal ar an Ardteastas in Innealtóireacht Mheicniúil, céad bhliain trí ACCS (Carnadh creidiúintí agus deimhniú ábhar). Is toradh é seo ar a lán iarrachtaí a dhein Scoil na hInnealtóireachta chun baill foirne chuideachtaí innealtóireachta áitiúla a mhealladh ar a cuid cúrsaí innealtóireachta. Tugann an scoil aitheantas don obair atá déanta ag Anne Marie Courtney, Uas. ina thaobh seo.

Thug Innealtóirí na hÉireann cuairt maidir le creidiúnú ar an Roinn i mí Mhárta 2010. Ba iad na cúrsaí a bhí á meas maidir le creidiúnú ná:

Ardteastas in Innealtóireacht Talmhaíochta

B. Inneal. in Innealtóireacht Talmhaíochta

Tá meamram sínithe ag an Institiúid le Seirbhísí Oideachais Chiarraí a áiríonn iniúchadh a dhéanamh ar cláracha a fhorbairt, a sheachadadh agus margaíocht a dhéanamh orthu ar shlí chomhlíontach. Lena chois sin tá sraith cosán chun dul chun cinn a dhéanamh comhaontaithe ag an Institiúid le haghaidh cláracha Iar-Ardteistiméireachta de chuid CDBOO atá á dtairiscint ag Seirbhís Oideachais Chiarraí agus iad a bheith ar siúl ó Mheán Fómhair 2009.

Gníomhaíochtaí Taighde

Bunaíodh an **tIonad um Meicitreonaic agus Braiteoirí Cliste (CIMSS)** i 2009 agus tá sé bunaithe i Scoil na hInnealtóireachta, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Co. Chiarraí, Éire.

Is é is **CIMSS** ann ná ardán disciplín innealtóireachta agus eolaíochta ar mhaithe le coinbhéirseacht taighde ó thaobh an tionscail agus ó thaobh an lucht adacúil. Is é is aidhm dó ná idirghníomhú leis an tionscal réigiúnach/náisiúnta chun réitigh fhadtéarmacha inbhuanaithe solúbtha a chruthú. Tá an grúpa ag díriú go háirithe ar oibriú as láimh a chéile i dtreo maoiniú a fháil ó eagraíochtaí maoinithe náisiúnta agus Eorpacha araon.

Tá 10 mball aige faoi láthair ar a n-áirítear léachtóirí, lucht iarchéime, cúntóirí taighde agus mic léinn iarchéime. Tá an t-ionad ag díriú ar thaighde i réimsí ar nós comhtháthú córas cliste leictrea-mheiciniúla, robotaic agus braiteoirí d'fheidhmchláracha tionscail sa talmhaíocht, fuinneamh agus cúram sláinte.

Tá CIMSS tiomanta do chur chun cinn na fiontraíochta i réigiún Chiarraí. Tá fáilte roimh gach cuideachta áitiúil a bhfuil uirlisí agus trealamh forbartha leictreonach ag teastáil uaithi ár gcuid áiseanna a úsáid ach é a iarraidh.

D'éirigh le páipéar le David Lenihan dar teideal Intelligent Energy Management with Data Acquisition and Monitoring don Chómhdháil um Fhuinneamh Inmharthana agus Caomhnú Comhshaoil a bhí ar siúl in Ollscoil Chathair BÁC ón 12 -15 Lúnasa.

Imeachtaí

Chuaigh cúig mhac léinn déag Innealtóireacht Talmhaíochta ó AE200, AE300 agus AE500 ar chuairt go dtí an Ghearmáin ón 10 - 14 Samhain. Ar na buaicphointí áiríodh cuairt ar John Deere ag Mannheim & Bruchsal mar aon le cuairt ar Agritechnica 2009 i Hanover.

Thug an Dr. Edmund Harty ó Dairymaster cuairt ar an Institiúid ar an 7 Bealtaine chun Trófaí Criostail Dairymaster a bhronnadh ar an mac léinn Innealtóireacht Meicitreonaice is fearr, an tUas. Padraig Kennedy.

Thug an Dr. Michael Walsh, ó Ghníomhaireacht Fuinneamh Gaoithe na hÉireann agus Colm de Burca, Ocean Energy (Fuinneamh Aigéin), BSL Idirnáisiúnta caint ar Fhorbairtí Taoide, Toinne agus Gaoithe "Building the Foundations for Success in 2020" (Ag tógáil bunchlocha le haghaidh Ratha i 2010) Dé Máirt 2 Feabhra i bhFoirgneamh Solas.

Reáchtáladh seachtain na nInnealtóirí go náisiúnta ón 8-12 Feabhra. Mar chuid den tseachtain bhí Scoil na hInnealtóireachta mar óstach do roinnt taispeántas ar 'Innealtóireacht Leictreach Mhaighnéadach' Dé Luain an 8 Feabhra. Bhí na taispeántaisí dírithe ar dhaltaí rang 5 agus 6 agus d'fhreastail tuairim is 500 dalta orthu. Cuireadh an ócáid ar siúl i Scoil na hInnealtóireachta agus chabhraigh mic léinn ó CE200 le reáchtáil na dtaispeántaisí.

Chuir An Riocht, an chraobh áitiúil d'Innealtóirí na hÉireann, a gcuid cainnteanna míosúla ag an Institiúid.

Tá gearrchúrsa Innealtóireachta 9 seachtaine do dhaltaí bunscoile (8-12 bhliain d'aois) forbartha ag an Dr. J Walsh, D Riordan, P. Kelly agus David Lenihan i gcomhar le hIonad Óige Tréithí in Ollscoil Chathair BÁC. Cuireadh an cúrsa ar siúl gach maidin Sathairn ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag.

Comhcheardlanna Acadúla (JAWs)

Cuireadh cúig cinn de chruinnithe JAWs ar siúl le linn na bliana, le linn am lóin roimh na cruinnithe Roinne i gcónaí. Bhíodh an Ceann Roinne, Teagascóirí Ranga agus Ionadaithe Ranga na Mac Léinn ag freastal orthu. Sna cruinnithe seo fuair na mic léinn deis ceisteanna a ardú ar nós teacht ar áiseanna, dáileadh éileamh oibre, léachtóirí ag brú ar aghaidh ró-thapaidh, deacrachtaí leis an ábhar srl. De ghnáth réitíonn an Ceann Roinne/Ceann Scoile a oibríonn le hIonadaithe na Mac Léinn a leithéid d'fhadhbanna ag an gcruinniú roinne nó laistigh de lá nó dhó.

Tháinig córas nua i bhfeidhm i gcomhair na gcruinnithe seo i mí Mheán Fómhair 2009: Cuirtear na mic léinn go léir ar an eolas trí ríomhphost faoi gach cruinniú JAWs seachtain roimh ré. Ar an gcuma seo tugadh deis dóibh ceisteanna a chur in iúl dá nIonadaithe Ranga. Comhaontaítear miontuairiscí ag na cruinnithe agus dáiltear amach iad go luath i ndiaidh na gcruinnithe. Luaitear réitigh na gceisteanna a ardaíodh iontu.

Cruinnithe Roinne

De bharr foireann, ábhar, áiseanna agus trealamh a bheith á roinnt deineadh cruinnithe boird na gcúrsaí a dheighilt ina ndá chatagóir:

- Sibhialta/Foirgníocht
- Innealtóireacht Talmhaíochta, Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach, Innealtóireacht Déantúsaíochta, Fuinneamh Inathnuaite & Bainistiú Fuinnimh go léir le chéile.

Tionóladh na cruinnithe uair sa mhí nó níos minice má bhí gá leis. Lasmuigh den ngnáthbhainistíocht agus den ngnáthmhonatóireacht mac léinn ba iad seo a leanas na ceisteanna ba thábhachtaí a pléadh sna cruinnithe:

- Athbhreithniú Institiúideach
- Creidiúnú ó Innealtóirí na hÉireann
- Pleananna oibríochta na Ranna
- Struchtúir Roinne nua

Tionóltar cruinnithe Bord Scoile agus na Feidhmeannachta Innealtóireachta i gcaitheamh na bliana chomh maith.

Foirniú

Ghlac an tUas. Finn McKenna áit an Uas. Denis Galvin a bhí ar shos gairme i gcónaí.

Ní raibh aon athrú ar an líon foirne buan i 2009/2010.

Cuireadh na baill foirne seo a leanas ar amchlár le haghaidh uaireanta páirtaimseartha don Bhliain Acadúil 2009/2010

Ger Fogarty

J. J. Lewis

William Hussey

Don Twomey

Denis O Toole.

Chuaigh 8 mball foirne ar scor ó Scoil na hInnealtóireachta le linn na Bliana Acadúla 2009/2010

Chuaigh Kevin Lynch ar scor óna phost mar Cheann na Scoile

Kevin Stapleton – Léachtóir

Paudie McKenna – Léachtóir

David Frizelle – Léachtóir

Liam Looney – Léachtóir

Pat Mitchell – Léachtóir

Pius Costelloe– Léachtóir

Michael O Connor – Léachtóir

Ar an 17 Bealtaine baineadh geit as Scoil na hInnealtóireachta agus ba ábhar bróin di a chloisint go raibh ár gcomhoibrí innealtóireachta Pat Flynn tar éis bás a fháil go tobann. Thug Pat seirbhís fhada don Institiúid agus braithfidh an fhoireann agus na mic léinn uathu é go mór. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Cúrsaí:

Thairg Scoil na hInnealtóireachta na cúrsaí seo a leanas sa Bhliain Acadúil 2009/2010:

- Ardteastas in Innealtóireacht Mheicniúil
- Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Déantúsaíochta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) mBainistíocht Innealtóireacht Déantúsaíochta
- Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
- Baitsiléir Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
- Baitsiléir Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Innealtóireacht Talmhaíochta
- Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
- Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Foirgníochta
- Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach
- Baitsiléir Eolaíochta i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh
- Baitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Cainníochta

Seachadaíonn Scoil na hInnealtóireachta modúil Céime 4 agus Céime 6 ar na cúrsaí printíseachta seo a leanas i láthair na huaire:

- Cearpantóireacht & Siúinéireacht
- Meicnic Thalmhaíochta

Is í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí an t-aon choláiste amháin sa tír a thairgeann cúrsaí printíseachta ag leibhéil ceirde i meicnic Thalmhaíochta. Ag an Institiúid faigheann na printísigh taithí ar theicneolaíocht úrscothach na réimse atá roghnaithe acu agus deineann siad staidéar uirthi.

Ceann Scoile: An tUas. Kevin Lynch (deireadh Mheán Fómhair 2009)

Ceann Roinne: An tUas. John Murphy

Chuaigh an tUas. Kevin Lynch ar scor mar cheann Scoile i mí Mheán Fómhair 2009 agus ghníomhaigh Michael Carmody, Uachtarán na hInstitiúide, mar Cheann Scoile ó mhí Dheireadh Fómhair 2009 go mí Aibreáin 2010.

Ceapadh **an tUas. John Murphy** mar Cheann Scoile i mí Aibreáin 2010.

Ceapadh **an tUas. Tim Segal** mar Cheann Roinne i mí Bhealtaine 2010.

Colette Commane : Riarthóir Scoile

Claire Horan: Rúnaí Scoile

Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta

Tairgeann Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta réimse leathan cúrsaí tríú leibhéil atá bailíochtaithe ag CDBOO, idir Theastas Náisiúnta agus leibhéal Céim Mháistreachta.

I 2009/2010 bailíochtaíodh na cúrsaí seo a leanas:

- Ardteastas in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chosmaide
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chosmaide
- Ardteastas i dTacaíocht Teiceolaíocht Faisnéise
- Dioplóma i gCeannaireacht Altranais (Miondámhachtain)

I 2009/2010 cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta (Gnáthleibhéal) in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in in Anailís Chógaisíochta mar aon le hEolaíocht Chomhshaoil
- Ard-dioplóma Ríomhaireachta
- Miondámhachtain: Teastas i mBitheolaíocht & Ceimic Fheidhmeach
- Miondámhachtain: Teastas in Eolaíocht Chomhshaoil
- Miondámhachtain: Teastas in Ilmheáin
- Miondámhachtain: Teastas i Ríomhchlárú Ilmheáin

Laghdaíodh ar líon na mac léinn sa Scoil go 1096 i gcomparáid leis an bhliain roimhe seo. Áirítear orthu 81 mhac léinn páirtaimseartha agus 1015 mhac léinn lánaimseartha. Anuraidh bhí 151 mhac léinn páirtaimseartha againn ach méadaíodh ar líon na mac léinn lánaimseartha ó 955 mhac léinn sa bhliain roimhe seo.

Tá Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta an-ghníomhach i réimse na taighde agus tá a lán nascanna comhoibritheacha aici leis an tionscal. Tá 36 mhac léinn cláraithe faoi láthair le haghaidh staidéar iarchéime (múinte agus trí thaighde).

D'éirigh go hiontach leis an tionscadal EIPET. Lean a lán iarrataisí ar chomhoibriú é. Reáchtáladh an tionól FITTSport i mí Feabhra. Daingníodh maoiniú ón bhFóras Mara do mhic léinn agus baill foirne chun taithí a fháil ar theicníochtaí taiscéalta ar an Celtic Explorer. Bhíomar mar óstaigh do roinnt ócáidí i Seachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2009 agus i gcomhair SciFest i mí Bhealtaine 2010.

Tá ceithre Roinn i Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta:

Ríomhaireacht & Matamaitic

Altranas & Staidéar Cúram Sláinte

Staidéar Sláinte & Fóillíochta

Na hEolaíochtaí Ceimice & Beatha

Ceann Scoile:	An tUas. Seamus O'Shea
Ceann Roinne: Na hEolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógaisíochta:	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta:	An Dr. Michael Hall
Ceann Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Altranas & Staidéar Cúram Sláinte:	An Dr. Gary Brown

Tuarascáil na Leabharlainne

Maoiniú bunachar sonraí IREL (Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann) tríd an ÚAO ag leanúint ar aghaidh i mí Eanáir 2010

Dheimhnigh an tÚAO i mí Eanáir go ndéanfaí an maoiniú a athnuachaint 'maidir leis an tionscnamh ríomh-irisí na Ríomhleabharlainne Taighde chun rochtain a thabhairt do Ardchuardach Acadúil agus Ardchuardach Foinse Gnó (ASP/BSP) d'Institiúidí Teicneolaíochta in 2010. Déanfar athbhreithniú leanúach ar úsáid na n-irisí agus glacfar cinneadh le linn 2010 cé acu an leanfar den tionscnamh nó an ndéanfar é a leathnú'.

Céatadán Leabharlainne do Scéim Ealaíne Eanáir 2010

Críochnaíodh suiteáil na 19 n-saothar ealaíne a ceannaíodh faoi Scéim Ealaíne Céatadán Rialtais agus a roghnaigh Coiste Ealaíne na Leabharlainne i mí Eanáir. Tá bróisiúr a thaispeánann saothar ealaíne na Leabharlainne ar fáil on deasc agus ar líne.

Digitiú tráchtas

Comhaontaíodh go gcuirfí cóip dhigiteach de gach tráchtas de chuid IT, Thrá Lí ó 2010 ar aghaidh ar fáil trí Chatalóg na Leabharlainne. Lena chois sin tá tús curtha ag an leabharlann ar thráchtais a críochnaíodh roimh 2009 a chur leis go siarghabhálach más rud é gur tugadh cead cóipchirt. Is féidir tráchtais a chuardach tríd an gcatalóg nó is féidir féachaint ar liosta ag http://library.ittralee.ie/screens/ProjectLists

Nuachtlitir na Leabharlainne Geimhreadh 2010, Imleabhar 5, Eagrán 1

Cuireadh ríomhphost chuig an bhfoireann agus na mic léinn go léir ar an 10 Feabhra 2010 inar tugadh nasc dóibh chuig cóip leictreonach den Nuachtlitir ar Shuíomh Gréasáin na Leabharlainne. Scaipeadh cóipeanna clóite chomh maith. Sa nuachtlitir bhí aiseolas mionsonraithe ar Thorthaí Suirbhé na Leabharlainne ó mhí Mheithimh 2009 mar aon le sonraí na ngníomhartha ar tugadh fúthu. De bhreis air sin thaispeán sí míreanna faoi: Epigeum; Scileanna Mac Léinn ar líne; Eagrán Book Self ; Beartas Forbairt Bailiúcháin; Bunachar Sonraí Ríomhleabharlann Taighde; Tráchtais Dhigitaithe; Taispeántas Kennelly; Atheagrú Bunachar Sonraí na bPáipéirí Scrúduithe; Ábhar Leabharlainne a athnuachaint.

Cruinniú Coiste na Leabharlainne Feabhra 2010

Tionóladh cruinniú Coiste na Leabharlainne ar an 26 Feabhra ag 3i.n. sa bhFoirgneamh Solas.

Bronntanas €20,000 ó Oifig Forbartha Ionad SIF um Oideachas mar mhaoiniú don Leabharlann.

Leithdháileadh €15,000 ar an Leabharlann le haghaidh an tSeomra Teicneolaíochta Cúnta. Áiríodh air seo maoiniú chun doras brúchnaipe/rochtana uathoibrithí a cheannadh a suiteáladh i mí Feabhra. Lena chois sin úsáideadh an maoiniú seo chun trí dheasc brúchnaipe ar féidir a n-airde a choigeartú mar aon le borgearraí/crua-earraí speisialtóra a cheannach agus a shuiteáil.

Úsáideadh €5,000 chun Bailiúchán Lámhleabhar Tagartha Ar Líne a cheannach ar acmhainn ríomhleabhair thábhachtach í.

Comórtas ealaíne Lee Strand do pháistí Feabhra 2010

Cuireadh buaiteoirí an chomórtas ealaíne Lee Strand do pháistí ar thaispeáint sa Leabharlann i ndiaidh seoladh an taispeántais ar an 2 Feabhra.

Clár na seisiúin eolais leabharlainne buail-isteach ag am lóin i mí Mhárta 2010

Cuireadh sraith seisiún 30 nóiméad ar siúl don bhfoireann agus do mhic léinn ag am lóin le linn mí Mhárta i Seomra Oideachais Úsáideora Leabharlainne ar an gCampas Thuaidh (U105) agus ar an gCampas Theas i C116. Ba iad na hábhair a pléadh ná: Logáil isteach i Seirbhísí Leabharlainne; Réamheolas ar theacht a fháil ar acmhainní ar líne na Leabharlainne; Epigeum & na Modúil Taighde ITilt – forbhreathnú ar an dá mhodúl scileanna taighde um Litearthacht Faisnéise; Réamheolas ar phacáiste ríomhleabhar Ebrary.

Cuireadh tús le Margaíocht Seirbhísí Leabharlainne trí Scáileáin Plasma i mí Mhárta 2010

I ndiaidh oiliúint a fháil thosnaigh foireann na Leabharlainne ar acmhainní agus seirbhísí a chur chun cinn trí scáileáin phlasma nua. Cuireadh acmhainní agus seirbhísí nua ar leith chun cinn ar an scáileán laistigh den Leabharlann agus ar dhá scáileán lasmuigh de phríomhdhoras na Leabharlainne. Deintear na taispeántí agus na láithreoireachtaí a nuashonrú go rialta. Lena chois sin úsáideadh na scáileáin ar fud na hInstitiúide chun eolas níos ginearálta faoin Leabharlann a fhógairt, na hamanna oscailte, mar shampla.

Seoladh bunachar sonraí nua ar líne agus acmhainní ríomhleabhair i mí Mhárta 2010

Datamonitor (Monatóir Sonra)í MarketLine

Uirlis fíorluachmhar do thaighdeoirí gnó is ea an acmhainn seo. Sa táirge seo tá tiomsú faisnéise cuimsitheach fíorspeisialta ar chuideachtaí, tionscal agus tíortha ar fud na n-ilchríoch ar fad agus faoi gach mórthionscal. Tugann MarketLine feidhmeanna samhaltaithe staitistiúla, tuarascálacha idirghníomhacha agus bunachair shonraí mar aon le seirbhís nuachta chomhtháite a thugtar cothrom le dáta gach lá. Is pointe rochtana dinimiciúil chuig saol na faisnéise margaidh é. Maoiníodh an acmhainn trí Oifig an Ionaid Forbartha Oideachais SIF 1.

Tiomsú Éireann (JSTOR)

Forbraíodh JSTOR i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste agus tá 75 iris, breis is 200 monagraf agus 2,500 lámhscríbhinn ann. Cuireann Tiomsú Éireann teidil agus acmhainní ó gach gné na n-ealaíon, an léann daonna agus na n-eolaíochtaí leis i ndisciplíní ar nós ceoil, ealaíon, staire, litríochta, seandálaíochta, matamaitice agus bitheolaíochta. Cumhdaíonn an t-ábhar an tréimhse ó na 1780í go dtí an lá atá inniu ann, irisí atá in éag ón 18ú, 19ú agus 20ú céad san áireamh.

Tiomsú Lámhleabhar ar líne de chuid Uirlis Thagartha Sage

Soláthraíodh acmhainn ríomhleabhair nua, an Tiomsú Lámhleabhar ar líne de chuid Uirlis Thagartha Sage (a chuimsíonn 80 lámhleabhar) mar aon le trí chinn de ciclipéidí ar líne. Cuireadh ar fáil ar líne í trí shuíomh idirlín na Leabharlainne. Ba é Oifig an Ionaid Forbartha Oideachais SIF a mhaoinigh an acmhainn seo.

Bunachar sonraí ar líne BICS

Sa bhunachar sonraí ar líne BICS faightear anailísí costais bunúsacha ar bhreis is 16,000 tionscadal ar fud na Ríochta Aontaithe. Tá an acmhainn seo dírithe ar mhic léinn atá ag gabháil d'Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníochota, go háirithe i réimse an suirbhéireacht Chainníochta.

Tá an ceithre acmhainn seo ar fáil ar líne trí leathanach acmhainní ar shuíomh idirlín na Leabharlainne ag

http://www.opac.ittralee.ie/screens/resources_index.html

Tionscadal Taighde Leabharlainne déanta ag mic léinn ISM an 4ú bliain i mí Aibreáin/Bhealtaine 2010

An evaluation of the user perceived service quality of the Institute of Technology, Tralee Library Service'. ('Meastóireacht ar cháilíocht seirbhíse Leabharlainne na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí mar a airíonn an t-úsáideoir í'.) (E. Lenihan, A. O'Grady, J. Marshall, F. Ozkan)

I mí Aibreáin 2010 chríochnaigh 4 mac léinn ISM tionscadal taighde ar an leabharlann a bhí iarrtha againn. Dhein Martha Farrell monatóireacht ar thionscadal taighde na mac léinn. Ba í aidhm an tionscadail príomhghnéithe cáilíocht na seirbhíse a aithint. Deineadh suirbhé ar 300 mac léinn agus roghnaíodh 128 bhfreagróir trí sampláil randamach shrathaithe. Baineadh úsáid as anailís fachtóra chun an aireachtáil seirbhíse atá ag na mic léinn a mheas: ríomhadh meánscórálacha in aghaidh na míre ar fheidhmíocht agus tábhacht ansin'.

Cuireadh na torthaí seo i láthair don Leabharlann ar an 30/4/2010 agus foilsíodh iad i dtuarascáil 100 leathanach i gcóip chrua. Deineadh roinnt moltaí agus ba iad seo na príomhábhair imní: gá le níos mó uaireanta oscailte; líon na suíochán; smacht ar leibhéal glóir; teacht ar ríomhairí; gá le feasacht na mac léinn go bhfuil seomraí cruinnithe do mhic léinn ar fáil a chur chun cinn. Tá cóip den tuarascáil iomlán ar fáil chun féachaint uirthi sa Leabharlann.

Suirbhé na Leabharlainne ar mhic léinn agus foireann Bealtaine / Meitheamh 2010

Scaip an Leabharlann a suirbhé bliantúil ar líne i mí Bhealtaine ar an bhfoireann agus na mic léinn. Bhí de rogha ag na mic léinn leagan cló den suirbhé a chomhlánú sa leabharlann chomh maith. Dhún an suirbhé ar Dé hAoine an 11 Meitheamh. Bhí aiseolas agus tuairimí á lorg tríd an suirbhé faoi gach gné den tseirbhís leabharlainne. Cuireadh nasc chuig an suirbhé trí ríomhphost chuig gach ball foirne ar an 7 Bealtaine agus seoladh meabhrúchán dóibh ar an 24 Bealtaine. Seoladh nasc chuig an suirbhé chuig gach mac léinn ar an 7 Bealtaine agus fuaireadar meabhrúchán ar an 19 Bealtaine. Cuireadh leagan clóite den suirbhé ar fáil i leabharlann an dá Champais, thuaidh agus theas. Fuarthas 182 fhreagra (151 ar líne agus 31 i leagan cló) ó na mic léinn. Fuarthas 56 fhreagra ar líne ón bhfoireann.

Cruinniú Coiste na Leabharlainne i mí Mheithimh 2010

Tionóladh cruinniú de Choiste na Leabharlainne ar Dé Céadaoin 16 Meitheamh ag 3 i.n. i L104 sa bhFoirgneamh Solas.

Leabharlann IT, Trá Lí

Foireann na Leabharlainne

Patrick Doherty, Leabharlannaí

Catherine Murray, Leas-Leabharlannaí

Donal O'Sullivan, Leabharlannaí Cúnta

Tony Murphy, Leabharlannaí Córas

Gerard Griffin, Cúntóir Sinsearach Leabharlainne

Josephine Deane, Cúntóir Leabharlainne

Mary Hopkins, Cúntóir Leabharlainne

Siobhan O'Callaghan, Cúntóir Leabharlainne

Angela O'Connor Desmond, Cúntóir Leabharlainne

Norma O'Mahony, Cúntóir Leabharlainne

Catherine O'Neill, Cúntóir Leabharlainne

Mary Warner, Cúntóir Leabharlainne

Cláracha

Cuireann IT, Trá Lí réimse cláracha lánaimseartha ar fáil i Staidéar Gnó & Sóisialta, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta agus in Eolaíocht & Ríomhaireacht. Tá Údarás Tarmligthe ag an Institiúid ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais & Oiliúna dámhachtainí a bhronnadh ag Leibhéil 6, 7, 8 agus 9 (cláracha múinte) de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

An Scoil Ghnó agus Léann Daonna

Teastas i dTeicneolaíocht Faisnéise (Miondámhachtain)

Teastas i gCórais Faisnéise Gnó (Miondámhachtain)

Teastas i mBainistíocht Ghnó (Miondámhachtain)

Teastas i Síceolaíocht do Ghairmithe Cúraim (Miondámhachtain)

Teastas in Oideachas do Pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu

Ardteastas in Ardstaidéar Gnó

Ardteastas i Staidéar Gnó

Ardteastas i gCórais Faisnéise Oifige

Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córais Faisnéise

Céim Baitsiléara i nGnó i dTurasóireacht

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta

Céim Baitsiléara i Staidéar Gnó in Ealaín Cócaireachta

Baitsiléir i gCuntasaíocht Ghnó

Baitsiléir Gnó i nGnó Idirnáisiúnta

Baitsiléir i mBainistíocht Ghnó

Baitsiléir i Margaíocht Ghnó

Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus i gCúram Sóisialta

Baitsiléir Ealaíon i gCúram Luathóige agus Oideachas

Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) Bainistíocht Córais Faisnéise

Baitsiléir Gnó (Onóracha)

Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Bainistíocht

Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Cuntasaíocht

Baitsiléir Gnó (Onóracha) – Margaíocht

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Ríomhghnó

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Fáilteachais

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhach

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh TV, Raidió agus Meán Nua

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta

Cláracha de chuid Failte Éireann atá á dtairiscint ag an Institiúid

Teastas Náisiúnta i Seirbhís Beáir

Ardteastas i Staidéar Gnó Turasóireachta

Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil

Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil scaoileadh lae

Teastas Náisiúnta i Scileanna Turasóireachta

Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais

Cláracha Iarchéime

Máistreacht Ghnó – Ginearálta

Máistreacht trí thaighde

Dochtúireacht trí thaighde

Scoil na hInnealtóireachta

Teastas i bhFeidhmiú Inslithe Foirgnimh (Miondámhachtain)

Teastas i dTeicneolaíocht Innealtóireachta (Miondámhachtain)

Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta

Ardteastas Innealtóireachta i bhFoirgníocht

Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta

Ardteastas Innealtóireachta i nGléasra Foirgníochta

Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil

FÁS Cearpantóireacht & Siúinéireacht Céim 4

FÁS Cearpantóireacht & Siúinéireacht Céim 6

FÁS Meicníocht Talmhaíochta Céim 4

FÁS Meicníocht Talmhaíochta Céim 6

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Shibhialta

Baitsiléir Eolaíochta (Gnáthchéim) i bhFoirgníocht

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Talmhaíochta (Gléasra Foirgníochta)

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Talmhaíochta

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Déantúsaíochta

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Áiseanna

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Foirgníochta

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Déantúsaíochta

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Innealtóireacht Talmhaíochta

Cláracha Iarchéime

Máistreacht trí thaighde

Dochtúireacht trí thaighde

Scoil na hEolaíochta

Teastas i mBitheolaíocht agus Ceimic Fheidhmeach (Miondámhachtain)

Teastas i Eolaíocht Comhshaoil (Miondámhachtain)

Teastas in Ilmheáin (Miondámhachtain)

Ardteastas i dTacaíocht Teicneolaíocht Faisnéise

Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil

Baitsiléir Eolaíochta i gCógaisíocht mar aon le Fóiréinsic

Baitsiléir Eolaíochta i gCógaisíocht mar aon le hEolaíocht Comhshaoil

Baitsiléir Eolaíochta i bhForbairt Bogearraí Ríomhaireachta

Baitsiléir Eolaíochta i bhForbairt Cluichí Ríomhaireachta

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le hIlmheáin

Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht

Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht mar aon le Suathaireacht

Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Corpoideachais

Baitsiléir Eolaíochta (Onórarcha) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí

Baitsiléir Eolaíochta (Onórarcha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onórarcha) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Céim in Altranas Ginearálta

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas – Altranas Meabhairshláinte

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i nGairmí Aclaíochta

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i nGníomhaíocht Coirp Oiriúnaithe

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra

Cláracha Iarchéime

Máistreacht & Dochtúireacht trí thaighde

Máistreacht Eolaíochta i Ríomhaireacht san Oideachas

Máistreacht Eolaíochta san Altranas

Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann an Institiúid scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú a chinntiú i gcaighdeáin na scrúduithe go ndeineann an Chomhairle eadrán orthu. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh i ndáil le clár ina iomláine nó i ndáil le hábhair ar leithligh.

Is iad feidhmeanna an scrúdaitheora sheachtraigh ná:

- Deimhin a dhéanamh go gcuirfear na caighdeáin chuí i bhfeidhm
- Deimhin a dhéanamh go mbeidh caighdeáin chomparáideacha idir institiúidí
- Dréachtaí na scrúdpháipéar go léir, na bhfreagraí eiseamláireacha agus na scéimeanna marcála a bhreathnú, agus ceartúcháin, athbhreithnithe, leasaithe srl a dhéanamh, faoi mar is cuí leo iad
- Breith a thabhairt ar chuibheas an mharcála, ag gach leibhéal den aicmiú, den ábhar scrúdaithe a chuirtear faoi bhráid na n-iarratasóirí
- Féachaint ar ábhar meastóireachta a chuireann mic léinn faoina b(h)ráid
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin gach bliain acadúil

D'oibrigh siad seo leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid sa bhliain acadúil 2009/2010.

Scoil Gnó & Staidéar Shóisialach

An tUas. John Andy Bonar	Baitsiléir Ealaíon i dTurasóireacht Eachtraíochta
	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTurasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha) Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córais Faisnéise Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhach
An tUas. Sean Connell	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Óstáin & Ionad Saoire
An tUas. Donagh O'Shea	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil
An Dr. Derek Mc Inerney	Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
An tUas. Mikael Fernstrom	Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córais Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh TV, Raidió agus Meán Nua Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhach

An tUas. Richie Hoare	Máistreacht i Riarachán Gnó
An tUas. Cathal Kearney	Ardteastas i Staidéar Gnó (Ardstaidéar Gnó) Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó Ardteastas Gnó i gCórais Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córais Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córais Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Noelle O'Connor, Uas.	Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Turasóireacht
An tUas. Tomas Mangan	Ardteastas i Scileanna Turasóireachta & Fáilteachais
An tUas. Barry Donnelly	Ardteastas i Staidéar Gnó (Ardstaidéar Gnó) Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha) Baitsiléir Gnó (Onóracha) ab-initio Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta Baitsiléir Ealaíon Onóracha) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta
An Dr. Kevin Lalor	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An tUas. Tom O'Connor	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta
An tUas. Gerard O'Donovan	Ardteastas i Staidéar Gnó i gCórais Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha) Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Ríomhghnó Baitsiléir Gnó (ab-initio) i mBainistíocht Córas Faisnéise
An tUas. Gerard Phillips	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta
An Dr. Aidan Daly	Máistreacht Gnó
Grainne Daly, Uas.	Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

An Dr. Philip O'Reilly	Baitsiléir Ealaíon Bainistíocht Córais Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) Bainistíocht Córais Faisnéise Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Ríomhghnó
Deirdre Scott, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An Dr. Deirdre Horgan	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An Dr. Ann Thorne	Máistreacht i Riarachán Gnó
An tUas. Michael Murphy	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhach Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise
An tUas. Frank Xavier O'Connor	Baitsiléir Ealaíon sna hEalaíona Córcaireachta (Páirtaimseartha)
An Dr. Pat Finnegan	Máistreacht Gnó (Sruth na Faisnéisíochta)
Mary Reid, Uas.	Ardteastas i gCócaireacht Ghairmiúil
Moragh Canney, Uas.	Ardteastas in i Staidéar Turasóireachta mar aon le Gnó
Dympna Scanlon, Uas.	Ardteastas in Oibríóchtaí Oifig Tosaigh Óstáin
Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta	
An Dr. James J. Brennan	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge / Próisis
An tUas. Eamonn De Leastar	Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht
An Dr. Deirdre Gilroy	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge / Próisis
Paula Holt, Uas.	Máistreacht Eolaíochta in Altranas
An tUas. Andrew Beatty	Ardteastas in Eolaíocht & Ríomhaireacht – Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i mBainistíocht Seirbhísí Ríomhaireachta Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhaireacht le Tacaíocht Teicneo-laíochta Faisnéise

An Dr. Liam Hennessy	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i St. Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Pauline Jordan, Uas.	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta Baitsiléir Ealaíon (Onóacha) i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta
Audrey Chambers, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóacha) in Altranas Ginearálta
Jane McCarthy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóacha) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eolaíochta (Onóacha) in Altranas Meabhairshláinte
An Dr. Andy Fogarty	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) in Eol. Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge / Próisis
An Dr. R.H. Morgan	Máistreacht Eolaíochta i Ríomhaireacht Máistreacht Eolaíochta i dTeicneolaíochtaí Oideachais
An tUas.Humphrey Murphy	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i St. Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Staidéar Corpoideachais
An Dr. Siobhan McClean	Ardteastas Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmeach Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Anailíseach Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) in Eol. Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge / Próisis
An Dr. Barry Feeney	Ardteastas Eolaíochta & Ríomhair. – Tacaíocht TF Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhair. i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhair. i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i mBainist. Seirbhísí Ríomhaireachta Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhair. mar aon le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhair. le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Ríomhair. le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhair. Tacaíocht TF
An tUas. Gordon Mitchell	Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) in Altranas Meabhairshláinte
An Dr. Evelyn Carnegie	Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i Staidéar Corpoideachais Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i St. Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta

An tUas. Leo Darcy	Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) in Altranas
An Dr. Susan Crawford	Baitsiléir Eolaíochtain i Staidéar Sláinte & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta & Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i Staidéar Corpoideachais
An Dr. Frank O'Brien	Ardteastas i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i mBitheolaíocht Fiadhúlra
An Dr. Brian Coates	Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i Staidéar Corpoideachais

Scoil na hInnealtóireachta

An tUas. Paul Campbell	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta
An Dr. Tadhg Brosnan	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
An tUas. Liam Costello	Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i mBainist. Innealt. Déantúsaíochta
An Dr. John Donovan	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealt. Mheicniúil & Leictreonach
Maeve Fitzpatrick, Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealt. Mheicniúil
An tUas. Donal Collins	Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i mBainist. Foirgníochta
An tUas. Dave Halloran	Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) i mBainist. Áiseanna
An tUas. Robert Hartle	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta
An tUas. Rory Kilgallen	Ardteastas Innealtóireachta in Innealt. Mheicniúil Baitsiléir Innealtóireachta in Innealt. Mheicniúil & Leictreonach
An tUas. Tomas O'Donoghue	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
An tUas. Ian James Loynes	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i mBainist. in Innealt. Talmhaíochta
An Dr. Tony Murray	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
An tUas. Tom King	Baitsiléir Innealtóireachta i nGléasra Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta(Onór.) i mBainist. in Innealt. Talmhaíochta

Staitisticí na Mac Léinn

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA, TRÁ LÍ TUAIRISCEÁIN BHLIANTÚLA – CLÁRÚ MAC LÉINN LÁNAIMSEARTHA 2009/2010 (amhail 31 D . Fómhair 2009)			
Clárú Tríú Leibhéil de réir Leibhéil Dámhachtana		**Líon Iomlán**	**Céatadán**
Bunleibhéal – Leibhéal 05			
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíochtaí Beatha / Sláinte & Fóillíocht	43	
	Scoil an Staidéir Ghnó	1	0.03%
Levibhéal 05 Iomlán		*44*	1.43%
Ardteastas – Leibhéal 06			
	Scoil Staidéir Ghnó & Léann Daonna	189	6.14%
	Scoil na hInnealtóireachta	156	5.06%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíochtaí Beatha / Sláinte & Fóillíocht	21	0.68%
	Scoil na hEolaíochta—Ríomhair.	26	0.84%
Leibhéal 06 Iomlán		*392*	12.73%
Gnáthchéim – Leibhéal 07			
	Scoil Staidéir Ghnó & Léann Daonna	512	16.62%
	Scoil na hInnealtóireachta	164	5.32%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíochtaí Beatha / Sláinte & Fóillíocht	262	8.51%
	Scoil na hEolaíochta—Ríomhair.	109	3.54%
Leibhéal 07 Iomlán		*1047*	33.99%
Onór. Céim – Leibhéal 08			
	Scoil Staidéir Ghnó & Léann Daonna	521	16.92%
	Scoil na hInnealtóireachta	46	1.49%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíochtaí Beatha / Sláinte & Fóillíocht	147	4.77%
	Scoil na hEolaíochta – Ríomhair.	78	2.53%
	Scoil an Altranais	271	8.80%
Leibhéal 08 Iomlán		*1063*	34.51%
Iarchéimithe Lánaims. & Páirtaims. Leibhéal 09 agus 10 (amhail 31 Márta 2010)			
	Scoil Staidéir Ghnó & Léann Daonna	40	1.30%
	Scoil na hInnealtóireachta	1	0.03%
	Scoil na hEolaíochta – Ríomhair.	15	0.49%
	Scoil an Altranais	9	0.29%
	Scoil na hEolaíochta – Eolaíochtaí Beatha / Sláinte & Fóillíocht	11	0.36%
Iarchéimithe Iomlán		*76*	2.47%
Óstán & Lónadóireacht – Cláracha Fáilte Éireann Lánaims.		94	3.05%
Printíseachtaí (Deireadh na Bliana Acadúla)		364	11.82%
COLÁISTE, IOMLÁN:		**3080**	**100.00%**


Dúchas Mac Léinn Tríú Leibhéil
Lánaimseartha
1%
0%
2%
7%
5%
22%
63%
Ciarraí
Mumhain - lasm. Ciarraí
Connachta
Mic Léinn ón AE
Leighin
Ulaidh
Mic Léinn lasmuigh den AE


Clárúcháin Tríú Leibhéil - Fir
2%
21%
21%
5%
11%
24%
16%
Altranas
Innealtóireacht & Foirgníocht
Gnó & Léann Daonna
Eolaíochtaí - Beatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Ríomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Clárúcháin Tríú Leibhéil - Mná
3%
0%
7%
18%
1%
16%
55%
Altranas
Innealtóireacht & Foirgníocht
Gnó & Léann Daonna
Eolaíochtaí - Beatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Ríomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Clárúcháin tríú leibhéil - de réir disciplíne
9.09%
11.92%
38.02%
15.71%
7.40%
6.04%
11.82%
Altranas
Innealtóireacht & Foirgníocht
Gnó & Léann Daonna
Eolaíocht - Eolaíochtaí Beatha & Sláinte & Fóillíocht
Eolaíocht - Ríomhaireacht
Óstán & Lónadóireacht
Printísigh


Cúlra socheacnamaíoch Iontrálaithe nua amháin
10%
3%
11%
8%
7%
16%
3%
1%
5%
6%
30%
Feirmeoirí
Gairmithe ardleibhéil
Fostóirí/Bainisteoirí
Oibrithe féinchuntais
Neamhláimhe
Láimhe, oilte
Neamhoilte
Oibrithe Talmhaíochta
Gairmithe leibhéil ísil
Leath-oilte
Oibrithe eile / gan eolas

Tuarascáil ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

Críochnaíodh an chéad athbhreithniú seachtrach ar Sheirbhísí do Mhic Léinn laistigh d'IT, Trá Lí i mí Bhealtaine 2009; níor pléadh torthaí an phróisis seo sa tuarascáil bhliantúil 2008/2009. Sa phróiseas seo tugadh deis do gach ceann de na seirbhísí féinmheas a dhéanamh agus chuir sé ar chumas painéil sheachtraigh saineolaithe athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí na roinne agus moltaí a dhéanamh. Bhí torthaí dearfacha ag an bpainéal athbhreithnithe agus bhíodar cabhrach sa mhéid gur tharraingíodar aird ar réimsí ar leith a mbeifear ag díriú orthu amach anseo. Seo roinnt samplaí de mholtaí a deineadh:

- Ba chóir cuimhneamh go cúramach ar phróisis fhoirmeálta, bhailí, láidre chun aischothú ó mhic léinn a bhailiú a chur i bhfeidhm agus ba chóir úsáid chuí a bhaint as ceistneoirí gan ainm mar chuid den gcur chuige seo
- Tá rannchuidiú mór le déanamh ag na mic léinn agus ag Aontas na Mac Léinn agus ba chóir níos mó rannpháirtíocht a thabhairt dóibh i bpróiseas athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo
- Ba chóir céannacht so-aitheanta a thabhairt do Sheirbhísí do Mhic Léinn agus iad a bhrandáil mar sraith seirbhísí chomhtháite

Tá fás ag teacht ar rochtain ar Sheirbhísí do Mhic Léinn bliain i ndiaidh bliana ach tá an chuspóir céanna acu i gcónaí:

"Timpeallacht ina dtugtar cúram agus tacaíocht a chruthú chun a chinntiú go dtacaítear le gach mac léinn agus go gcumasaítear iad chun lán a n-acmhainne pearsanta agus acadúil a bhaint amach".

Tá athbhreithniú á dhéanamh le dhá bhliain anuas ar na próisis a thacaíonn le hoibríochtaí seirbhísí do mhic léinn agus tá athdhearadh déanta orthu i gcásanna áirithe ach tá léarscáiliú déanta acu i ngach cás. Ba é an t-athbhreithniú ar sheirbhísí do mhic léinn a deineadh i 08/09 an rud a spreag an t-athbhreithniú ar na próisis chriticiúla ar fad. Deineadh an cur chuige i leith bainistiú an bhuiséad Caipitíochta Mac Léinn a láidriú tuilleadh i mbliana agus deineadh athbhreithniú ar an tslí inar deineadh míreanna líne a bhreacadh síos sa bhuiséad bliantúil, rud a léirigh níos cruinne na réimsí ina gcaitear airgead i ndáiríre. De réir mar atá líon agus éagsúlacht na mac léinn atá ag freastal ar an Institiúid ag dul i méid is é an dúshlán atá roimh na seirbhísí ná an t-ardchaighdeán soláthar seirbhíse a choinneáil a bhí againn go dtí seo.

Rochtain & Míchumas

Leanann an tOifigeach Rochtana air ag rannpháirtiú i ngrúpaí réigiúnacha agus mar chuspóir aige an traidisiún a neartú atá ag IT, Trá Lí maidir le rochtain agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn atá faoi mhíchumas. Sa bhliain acadúil seo ba é 215 duine líon na mac léinn faoi mhíchumas, mic léinn a bhfuil disléicse orthu san áireamh. Thaispeáin an méid seo go rabhthas ag díriú go soiléir ar mic léinn faoi mhíchumas a ghlacadh isteach agus tacú leo.
Chonaiceamar fás leanúnach ar líon na mac léinn a bhí ag baint leasa as seirbhísí na hOifige Rochtana ó cheann ceann na bliana. Leanadh de na mheasúnaithe riachtanas duine le duine ar fud na bliana chomh

maith, mar aon le tacaíocht leanúnach do mhic léinn faoi mhíchumas. Tá an Institiúid ag leanúint uirthi ag glacadh isteach an céatadáin is mó mac léinn lánfhásta (24%) i gcomparáid le hIT ar bith eile. Dhein an Clár Rochtana Pathfinders dul chun cinn maith le linn na bliana agus leagadh béim ar a chinntiú go raibh comhordaitheoir Pathfinders ceaptha don bhliain acadúil nua. Lean an Clár 'Sports for Success' ar aghaidh le tacaíocht ó mhic léinn Sláinte agus Fóillíocht. I mbliana bhíothas ag atreorú mic léinn i gcónaí chuig an Ionad Measúnaithe um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach ag OL. Déileálann an socrú tras-sheirbhíse le míchumas agus le míchumas foghlama araon.

Teagascóir Tacaíochta Disléicse

Tá obair ríthábhachtach le déanamh ag an Oifig Tacaíochta Disléicse i ndáil le cuspóirí foghlama Plean Straitéiseach na hInstitiúide. Níl aon mhéadú tagtha ar na hacmhainní atá ar fáil don tseirbhís seo ó cuireadh tús léi agus níl ach teagascóir páirtaimseartha aici a fhreastalaíonn ar bhreis is 100 mac léinn a bhfuil riachtanais éagsúla acu. Mar thoradh ar tuilleadh teagmhála le mic léinn roimh theacht isteach dóibh is fearr atá na mic léinn ullmhaithe agus iad ag teacht isteach agus aithnítear na mic léinn níos luaithe a bheidh ag úsáid na seirbhíse. Deineadh socrú le hOL maidir le maoiniú caipitíochta chun tacaíocht ón Ionad Measúnaithe um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach a thabhairt do mhic léinn IT, Trá Lí thar líon leathanta socraithe ar fud na bliana acadúla. Neartaigh an tseirbhís seo na dlúthnascanna le hOL tuilleadh agus, rud atá níos tábhachtaí fós, chabhraigh sé chun sainoiliúint ar an suíomh a chur ar fáil i trealamh na Teicneolaíochta Oiriúnaithí dár mic léinn. Tá tacaíocht ón Ionad Measúnaithe um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach á comhlánú trí thacaíocht dhíreach ó fhoireann na leabharlainne, mar aon le Seomra Teicneolaíochta Oirúnaithí a bheith ar fáil sa bhfoirgneamh Leabharlainne agus Acmhainn Faisnéise. Lena chois sin ba chabhair é imeachtaí Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a bheith ar siúl chun feasacht ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil do riachtanais mac léinn a spreagadh.

Séiplíneacht

Tá an obair thréadach ar siúl gan stad gan staonadh agus an tsiúlóid sa Spáinn á cur ar siúl againn gach bliain faoin am seo. Tá an Séiplíneach i gcroílár an chomhordaithe agus an Ciste Cabhrach do mhic léinn á dháileadh amach. Trí cruinnithe le daoine aonair i gcaitheamh na bliana tá mic léinn i ngátar curtha i dteagmháil aige leis an gciste agus tá cabhair tugtha aige dóibh chun gabháil tríd an bpróiseas. Bhí éileamh mór ar an gCiste Carthanachta ó mhic léinn i gcruatan airgid i mbliana de dheasca an cúlú eacnamaíochta a bheith ag imirt tionchair dhírigh ar an méadú éilimh ar thacaíocht airgid.

An tIonad Sláinte

Bíonn an tIonad Sláinte ag déileáil le atreoruithe ó dhaoine/ranna éagsúla. Bíonn cuairteanna saor in aisce ar an altra á dtairiscint ag an ionad i gcónaí agus cuirtear coinní dochtúra ar fáil ar chostas €10. Bhain fadhbanna sláinte na mac léinn ón dtaobh fisiciúil, síciatrach nó síceolaíoch go mór mór le stíl bheatha, fadhbanna pearsanta, strus cúrsa/staidéir agus le gortuithe. Reáchtáladh Clinicí Sláinte agus imeachtaí chun

an tsláinte a chur chun cinn i rith na bliana. Sa gheimhreadh seo bhuail an víreas H1N1 an tír agus bhí rannchuidiú Altra an Ionad Sláinte agus Dochtúir Leighis ag teastáil chun clár feasachta maidir leis an víreas fliú a chur chun cinn san Institiúid. Méadaíodh líon na n-uaireanta a raibh an dochtúir ar fáil ó 2 go 3 uaire ar 4 lá den tseachtain. Mar seo bhí níos mó deiseanna ag na mic léinn teacht a fháil ar an dochtúir.

Comhairleoireacht

Is í comhairleoireacht duine le duine an modh comhairleoireachta is mó amach is amach a bhfuil éileamh air. Leanadh de sheisiúin ghrúpa agus ceardlanna áirithe, go háirithe an clár Meantóra Piara do Mhic Léinn Lánfhásta. Deineadh roinnt athruithe ar an gClár Meantóra Piara do Mhic Léinn Lánfhásta i mí Eanáir nuair a cuireadh deireadh le hacmhainn thiomnaithe a tháinig tríd an gCiste Nualaithe Straitéiseach. Mar thoradh sin bhí gá leis an gclár a choigeartú beagáinín chun é go dtiocfadh sé níos fearr leis an ngníomhaíocht phríomhshrutha.

Seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gcomhairleoir:

- Ceardlanna stíl bheatha agus meabhairshláinte
- Strus na scrúduithe a bhainistiú
- Measúnú agus comhairleoireacht
- Oiliúint aireachais
- Comhairle do bhaill foirne/mic léinn

Tá éascaíocht á déanamh ar "Comhairleoir faoi Oilliúint" i gcónaí, rud a chuireann ar chumas líon níos mó mac léinn leas a bhaint as an tseirbhís Comhairleoireachta. Tá an tseirbhís ag cothú agus ag tógáil caidreamh le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí ar an taobh amuigh riamh is choíche. Tugadh faoi deara ar fud na bliana go bhfuil níos mó mac léinn lánfhásta ag baint úsáide as an tseirbhís comhairleoireachta.

Spórt

Tá clár spóirt mealltach á chur ar fáil an an Oifig Spóirt i gcónaí. Freastalaíonn sé ar mhic léinn atá tógtha le spóirt iomaíoch agus ar an lucht fóillíochta araon. Tá rannpháirtíocht i spóirt ag fás i gcónaí d'ainneoin easpa áiseanna laistigh ar an gcampas. Táimid ag súil go gcuirfidh ár gcuid pleananna chun áiseanna spóirt laistigh a thógáil thar na blianta atá amach romhainn le rannpháirtiú spóirt a chur chun cinn tuilleadh san Institiúid.

Buaicphointí i spórt iomaíoch sa bhliain:

<u>Peil na seanóirí</u>

Bhuaigh foireann peile sinsearach na hITT Corn Trench

<u>Camógaíocht</u>

Bhuaigh Martina O'Brien & Edwina Keane Corn Purcell All Stars

Sacar (Mná)

Bhuaigh Foireann Sacair na mBan de chuid ITT Roinn 1 de Shraithchomórtais WSCAI (Cumann Coláistí Sacair na mBan) agus bhuaigh na himreoirí seo a leanas gradaim All Star don Institiúid; Laura Lavery, Sarah Galvin, Angela O' Mahony, Jenni Lyttle, Kiara Hannon, Sara Hobson, Lisa Maguire

Sacar (Fir)

Bhuaigh foireann Sacair 'B" na hITT an Corn Foirne 'B' CFAI

Rugbaí na mBan

Bhuaigh foireann ban Rugbaí na hITT cluiche ceannais Roinn 2 de Shraithchomórtais CUSAI

Seoladh na nGradam Spóirt, Samhain 2009

Júdó

Bhuaigh na mic léinn seo a leanas boinn sna catagóirí seo a leanas ag comórtas idir-ollscoile Júdó:

Bhuaigh Jennifer Quirke Ór i Kyu Meánach agus Airgead sa Chraobh Oscailte

Bhhuaigh Martin Gill Cré-Umha sa Kyu, sraith íochtair

Lúthchleasaíocht

Ag Craobh Raon Laistigh agus Faiche de chuid Chumann Lúthchleasaíochta Ollscoileanna na hÉireann:

Bhuaigh Daniel Clifford Ór i gCaitheamh Meáchan agus bhuaigh Alan O'Connor Airgead WFD (meáchan ar achar)16kg.

Dornálaíocht

Bhauigh Lee Bradley Ór sa chatagóir meánmheáchain sna comórtais idir-ollscoile dornálaíochta Sinsearacha agus bhuaigh Shane Nicholas Airgead sa chatagóir meánmheáchain éadrom.

Liathróid láimhe

Torthaí na gComórtas Idir-ollscoile

60x30 Mná B Beirteanna Ór – Sarah Cunningham agus Aoife Dillane

60x30 Mná A Ór phláta – Shauna Hilley

60x30 Mná B Airgead – Sarah Cunningham

60x30 Craobhchomórtas oscailte na bhFear Foireann Airgead – Daniel Riordan, Shane Hedigan,

40x20 Craobhchomórtas oscailte na bhFear aonair Airgead – Shane Hedigan

40x20 Craobhchomórtas oscailte na mBan aonair Airgead – Shauna Hilley

Leadóg

Deinimid comhghairdeas leis, lenár bhfoireann Leadóige a chuaigh san iomaíocht sna comórtais idir-ollscoile Leadóige den chéad uair.

Cumainn

Ó thús na bliana seo is é an phríomhchuspóir atá ag Oifig na gCumann ballraíocht agus rannpháirtiú sna cumainn a mhéadú. Taispeánann staitisticí na bliana go raibh 26% de na mic léinn lánaimseartha cláraithe ina mbaill chumainn ghníomhacha. Léiríonn an méid seo go bhfuil fás ag teacht ar an líon daoine a chuireann suim i rannpháirtíoch i gcumainn in IT, Trá Lí i gcomparáid leis an mBliain Acadúil 2006/2007.

Comparáid Bhallraíochta

Bl. Ac. 2009/2010:	26% de mhic léinn cláraithe rannpháirteach i gcumainn
Bl. Ac. 2008/2009:	20% de mhic léinn cláraithe rannpháirteach i gcumainn

Coinneáil Bhallraíochta:

Bl. Ac. 2009/2010:	888 mac léinn cláraithe, 699 ina mbaill ghníomhacha – 79% de bhaill chláraithe arna choinneáil
Bl. Ac. 2008/2009:	1003 mac léinn cláraithe, 461 ina mbaill ghníomhacha – 46% de bhaill chláraithe arna choinneáil

Gairmréimeanna

D'éirigh go breá le hAonach Gairmréimeanna na Bliana Acadúla 2009/2010. Bhí ionadaíocht ar 30 fostóir, cuideachta, eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla ar an lá. Táthar ag déanamh dlúthchaidreamh i gcónaí le baill den bhFoireann Acadúil atá ag bunú nascanna leis an tionscal agus tá deiseanna líonraithe á méadú agus go deimhin, á gcruthú ag an oifigeach gairmréimeanna. Tá laghdú ag teacht de shíor ar dheiseanna fostaíochta dár gcéimithe agus tá an timpeallacht ina bhfuil céimithe ag dul in iomaíocht ag éirí níos deacra. Dá thoradh sin tá próiseas curtha ar siúl againn chun anailís a dhéanamh ar shlite ina bhféadfaí an tSeirbhís Gairmréime a atreorú. Forbraíoch coincheap an chláir Steps to Success le cúnamh ghrúpa fócais d'fhostóirí agus le hócáid líonraithe fostóirí áitiúla.

Suirbhé ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

I mí Bhealtaine 2010 críochnaíodh mórshuirbhé ar thuairimí na mac léinn faoi Sheirbhísí do Mhic Léinn atá á dtairiscint ag IT, Trá Lí. Líon 295 mhac léinn an suirbhé isteach. Tá 74% de na mic léinn seo bunaithe ar an gCampas Thuaidh an chuid is mó den am, 26% díobh ar an gCampas Theas. Dúirt 77% de na mic léinn seo go rabhadar ar an eolas faoi Sheirbhísí do Mhic Léinn san Institiúid sarar chláraíodar ar an gclár staidéir a bhfuilid ag gabháil dó.

Is léir ó na torthaí seo go bhfuil tuairim an-dearfach ag na mic léinn ar na Seirbhísí do Mhic Léinn atá á soláthar ag an Institiúid. Dúirt 86% de mhic léinn ar deineadh suirbhé orthu go rabhadar sásta leis an leibhéal seirbhíse atá á fháil acu, ar an iomlán. Thug 88% de mhic léinn le fios gur thug baill foirne an cúnamh/comhairle dóibh a rabhadar ag súil leis agus tá feabhas ar a n-eispéireas féin mar mhic léinn tugtha faoi deara ag 70% de mhic léinn de bharr cúnamh/comhairle a bheith faighte acu trí Sheirbhísí do Mhic Léinn.

Maidir le héifeachtúlacht na seirbhíse, an leibhéal cuirtéiseachta agus maitheas na cabhrach a fuarthas, chuir na mic léinn in iúl go rabhadar an-shásta, is é sin, 71%, 81% agus 78% faoi seach.

Léirigh na torthaí go soiléir conas mar atá ríomhphost tagtha chun a bheith ina modh teagmhála níos coitianta ag na mic léinn. Thug 41% de mhic léinn ar deineadh suirbhé orthu le fios gurb é ríomhphost an modh teagmhála is fearr leo san iomlán. Tá éileamh maith leis, ar bhuail-isteach, an guthán dearg agus Aontas na Mac Léinn mar mhodhanna teagmhála.

Agus an anailís ar siúl tháinig roinnt réimsí chun solais a raibh orainn díriú orthu. Chuir na mic léinn in iúl go raibh gá le huaireanta oscailte Deasc Cabhrach Seirbhísí do Mhic Léinn a mhéadú.

Leagadh béim ar an siopa agus an ceaintín mar áiseanna a raibh gá le feabhas a chur orthu. Meastar na praghsanna a bheith ard agus léiríonn torthaí an tsuirbhé go bhfuil éileamh ar níos mó roghanna bia shláintiúil. Leagadh béim leis, ar an éileamh ar bhia teasaí a chur ar fáil sa siopa ar an gCampas Thuaidh – táthar ag súil go gcabhróidh Clár Oibreacha an tSamhraidh (2010) chun an scéal seo a leigheas mar tógfar siopa/caifé nua.

Ba léir ó na torthaí go dtugann 34% de mhic léinn an Champais Theas cuairt ar Aontas na Mac Léinn gach seachtain, i gcomparáid le 13% de mhic léinn an Champais Thuaidh. Is de bharr go bhfuil Aontas na Mac Léinn sa Champas Theas in ionad lárnach laistigh den phríomhfhoirgneamh, murab ionann agus an ceann ar an gCampas Thuaidh.

Ar an iomlán tugann an tuairisc léargas ar a mhinice a dheineann na mic léinn rochtain ar Sheirbhísí do Mhic Léinn, ar na modhanna teagmhála is fearr leo, a leibhéal sástachta agus moltaí chun mórán de na seirbhísí, áiseanna, lámhleabhar na mac léinn agus treoirshuíomh a fheabhsú.

Togra na gCuntas Díomhaoin

Cuireadh tús leis an Togra Caidrimh le Taistealaithe atá á mhaoiniú as Ciste na gCuntas Díomhaoin i mí Mhárta na bliana seo. Bhí moill ar thús an togra de dheasca an Chreat Rialaithe Fostaíochta. Ceapadh Christina Boland mar dhuine caidrimh le Taistealaithe don Institiúid.

I mí Bhealtaine 2010 cuireadh tús le dara togra na gCuntas Díomhaoin – Teagascóir Tacaíochta Foghlama do Mhic Léinn Lánfhásta. Ceapadh Jane Brennan sa phost seo.

Tuarascáil ar Acmhainní Daonna

Tá breis is 500 duine fostaithe in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Is ionann sin agus coibhéis lánaimseartha 340 post, isteach is amach. Tá feidhm ríthábhachtach ag oifig na nAcmhainní Daonna maidir le tacú le spriocanna na hInstitiúide trí earcaíocht, oiliúint, forbairt, caidreamh tionscail, caidreamh foirne agus an próiseas luach saothair a bhainistiú.

Forbhreathnú

Tá líon na mac léinn san Institiúid ag dul i méid ach tá líon na mball foirne ag laghdú de dheasca an Chreat Rialaithe Fostaíochta.

Chuaigh 16 bhall foirne ar scor ón Institiúid

Earcaíodh 29 mball foirne nua

Tacaíodh le 5 bhall foirne tríd an gclár Oiliúna agus Forbartha chun cáilíochtaí acadúla breise a bhaint amach suas go leibhéal Dochtúireachta.

Chuir roinn na nAcmhainní Daonna clár cóitseála feidhmiúcháin do bhainisteoirí sinsearacha i ngníomh diaidh ar ndiaidh.

Bhí bainisteoirí rannpháirteach i gclár Archimedes inar tugadh oiliúint sna réimsí seo a leanas:

- Cóitseáil
- Scileanna margaíochta & cumarsáide
- Idirbheartaíocht & Tionchar a imirt
- Acmhainní Daonna do bhainisteoirí líne
- Ceannaireacht a chur ar fáil
- Clár Bainistíochta

D'éirigh le roinn na nAcmhainní Daonna próiseas ríomh-earcaíochta a chur i ngníomh céim ar chéim.

Tuarascáil Airgeadais

Dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 ar an 21 Nollaig 2011. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais a bhfuil sleachta díobh leagtha amach thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe atá glactha san áireamh ag a luacháil) agus de réir riachtanas an Aire Oideachais & Eolaíochta.

Ioncam & Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana barrachas oibríochta €1,551mhíle, rud a chruthaíonn barrachas carnach €4,700 míle go dtí an 31 Lúnasa 2010. Tháinig laghdú 3.1% ar ioncam reatha don bhliain, síos go €36,177 míle. Áirítear air seo deontaisí stáit €17,983 mhíle agus táillí teagaisc €6574 mhíle. Ba ionann caiteachas reatha don bhliain agus €34,626 mhíle, méid lena n-áirítear costaisí foirne €23,270 míle. Leithdháileadh €237 míle ó dheontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitil a mhaoiniú.

Cuntas Caipitil

Cheannaigh an coláiste sócmhainní seasta le linn na bliana dar luach iomlán €1,217 míle. Ba é €2,902 mhíle an muirear dímheasa don bhliain agus bhí luach glan na sócmhainní inláimhsithe laghdaithe go €51,461 mhíle faoin 31 Lúnasa 2010.

Talamh & Foirgnimh

Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgnimh agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ghlacadh isteach sna ráitis airgeadais. Nó go mbeidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar nialas agus déanfar na foirgnimh a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a costas féin.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2010

	2010 €'000	2009 €'000
Ioncam		
Deontas Stáit	17,983	20,995
Táillí Teagaisc	6,574	6,168
Muirir chlárúcháin na mac léinn	3,639	1,934
Amúchadh Deontais Chaipitil Iarchurtha	2,902	2,634
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	2,538	2,571
Ioncam eile	2,145	2,598
Ioncam ó mhaoiniú tacaíochta do mhic léinn arna aithint	234	203
Ioncam úis	162	214
	36,177	**37,317**
Caiteachas		
Ranna Acadúla	18,890	21,110
Seirbhísí Acadúla	1,818	1,838
Costaisí Áiseanna	3,634	3,621
Lársheirbhísí Riaracháin	3,838	4,192
Seirbhísí agus Fóntais do mhic léinn	764	843
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	2,546	2,595
Ioncam ó mhaoiniú tacaíochta do mhic léinn arna úsáid	234	201
Dímheas	2,902	2,634
	34,626	**37,034**
BARRACHAS OIBRÍOCHTA	**1,551**	**283**
AISTRITHE CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA	(1,595)	(1,018)
BARRACHAS CARNAITHE AR AN 1 MEÁN FÓMHAIR	4,744	5,479
BARRACHAS CARNAITHE AR AN 31 LÚNASA	**4,700**	**4,744**

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Clár Comhardaithe amhail an 31 Lúnasa 2010

	2010 €'000	2009 €'000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	51,461	53,146
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	4,051	3,307
Airgead sa bhanc agus ar láimh	8,458	10,096
	12,509	**13,403**
CREIDIÚNAITHE		
Creidiúnaithe agus Speansais fhabhraithe – Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	(4,703)	(7,134)
GLANSHÓCMHAINNÍ REATHA	**7,806**	**6,269**
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA	**59,267**	**59,415**
Arna dtaispeáint ag		
Deontaisí Caipitil Iarchurtha	51,461	53,146
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	4,700	4,744
Cúlchiste Forbartha Caipitil	3,106	1,525
	59,267	**59,415**


Ioncam
7%
7%
10%
68%
8%
Deontas Stáit
Táillí Caipitíochta
Táillí Teagaisc
Taighde & Comhairleacht
Gníomhaíochtaí eile


Caiteachas Caipitil
2%
18%
7%
38%
35%
Foirgnimh
Daingeáin & Feistis
Troscán & Trealamh
Trealamh Ríomhaire
Gléasra & Innealra


Foinsí Deontais Chaipitil
1%
19%
37%
19%
24%
Deontas Caipitil Stáit - Roinn Oid. & Eol.
Deontas Caipitil Stáit - Údarás Ardoid.
Leithdháilte ó Deontas Stáit Athfhillteach
Leithdháilte ó Chúlchistí Srianta
Foinsí eile


Caiteachas
27%
73%
Pá
Ábhair & Seirbhísí

Dualgaisí Reachtúla & Fógraí

Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá glactha ag an Institiúid le Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhaomh an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001, agus tá céimeanna glactha chun a chinntiú go gcomhlíonann an Institiúid an Cód.

Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

An aidhm atá leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar a phróiseáil a chosaint. Dlítear cearta sna hAchtanna do dhaoine ar leith chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

D'réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeán in Oifig Poiblí, 2001 soláthraíonn na baill den mBord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.

Comhionannas

Tá an Institiúid tiomanta don bheartas um dheiseanna comhionnanais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionnais san eagraíocht. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus gairmréime, mar atá, roint poist, saoire staidéir, cláracha oideachais agus sosanna gairme.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

Na hAchtanna um Saoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Cuirtear forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh tríd an Acht um Saoráil Faisnéise 2003 (Leasú) ar an Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí.

Tháinig an Institiúid faoi théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1 Deireadh Fómhair 2001.

Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin

- An ceart taifid atá á gcoimeád ag comhlachtaí poiblí a rochtain,
- An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
- An ceart ar chúiseanna a fháil atá le cinní a ghlacann comhlachtaí poiblí a bhaineann leat féin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide le héifeacht ó thuarascáil na bliana 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta. Tá an Institiúid ag obair trína Dréachtscéim faoi láthair chun a chinntiú gur féidir léi na spriocanna atá leagtha amach inti a bhaint amach.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, ag Rialacha na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 faoi mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíocht Trá Lí a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá sainnósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an spriocam. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras inmheánach rialála srianta agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialála inmheánach na hInstitiúide cuntasaíocht agus srianta ríomhaireachta chun céannacht shonrasc agus chonarthaí a chinntiú chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear de réir an Achta. Deineadh na srianta sin a dhearadh chun árachas réasúnta ach neamhiomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Táirgeann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc fós neamhíoctha agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2010.

Sonraí íocaíochtaí déanacha fén Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

91 ab ea iomlán na n-íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.

€381,062 ab ea luach iomlán na sonrasc a bhí níos mó ná €317 agus a raibh a n-íocaíocht déanach.

B'a é 45 meánlíon na laethanta ar cuireadh moill ar an íocaíocht.

Acht um Shábhailteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

Scéala eile

Chuir an tUachtatán faisnéisiú foirne ar siúl ar an 1 Meán Fómhair 2009.

Chuir Seirbhísí Ríomhaireachta seisiúin faisnéisithe foirne ar siúl Dé Máirt 1 agus Dé Céadaoin 2 Meán Fómhair 2009.

I mí Mheán Fómhair chuir an sainghrúpa um Líon Foirne Seirbhíse Poiblí agus Cláracha Caiteachais a thuarascáil ar fáil maidir le héifeachtúlachtaí a sheachadadh thar an earnáil phoiblí ar fad.

Bhain an Institiúid an 2ú áit amach i liosta na nInstitiúidí Teicneolaíochta i rangú an SundayTimes. Bhí sí san 10ú háit anuraidh.

D'fhorbair ITT mar aon le Páirc Teicneolaíochta Chiarraí le Jerry Kennelly an clár Endeavour a seoladh ar an 4 Meán Fómhair. Ba é cuspóir an chláir tacú le 100 fiontraí nua chun a gcuid smaointe gnó a fhorbairt le tacaíocht ó mheantóirí gnó a bhfuil taithí fhada acu. Mórthionscnamh ab ea seo don Institiúid agus deinimid comhghairdeas le gach aoinne a bhí rannpháirteach.

Chuir Aontas na Mac Léinn Seachtain Sábháilteacht Bóthair ar siúl i mí Mheán Fómhair 2009.

Dhein ITT uasghrádú ríthábhachtach ar an gcóras Core/Acmhainní Daonna a deineadh beo ar an 17 Meán Fómhair 2009, níos luaithe ná mar a bhí beartaithe, a bhuíochas leis an obair chrua a dhein gach duine a bhí ag gabháil don togra.

Reáchtáladh an searmanas bronnta ar an 23 Deireadh Fómhair 2009 in Óstán Brandon. D'éirigh go hiontach leis an ócáid.

Bhí seoladh oifigiúil Cartlann Kennelly ar siúl mar aon lena príomhfhoilseachán, Eyewitness ar an Déardaoin 29 Deireadh Fómhair 2009 i Leabharlann agus Lárionad Acmhainne Eolais an Champais Thuaidh. Leabhar is ea Eyewitness a thaispeánann pictiúirí d'Éirinn ó 1953 – 1973 a thóg Padraig agus Joan Kennelly. Ba é Jerry agus Pádraig Kennelly a sheol an taispeántas. Taispeánadh 85 phictiúir ag an taispeántas a bhí ar siúl go dtí an 26 Feabhra 2010.

Dhein CDAOO athbhreithniú Institiúideach ar IT, Trá Lí ón 30 Samhain 2009 go dtí an 2 Nollaig 2009.

Dhein an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na cuntaisí reachtúla don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2009 idir an 29 Samhain agus an 17 Nollaig 2009.

Bhuaigh IT Trá Lí an Catagóir E – Sármhaitheas sa Chlár um Bhainistiú Fuinnimh Comhordaithe – Úsáideoir Beag/Meánach, don bhliain 2009 de chuid Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann. Deineadh comhghairdeas le Donal Hunt agus John Daly as ucht a dtiomantais do chaomhnú fuinnimh agus an obair shármhaith a dheineadar agus an gradam á fháil acu.

Reáchtáladh Seachtain na Sláinte & an Leasa de chuid Aontas na Mac Léinn ón 30 Samhain 2009– 4 Nollaig 2009.

Ainmníodh Ciarraí mar cheann de Réigiún Fiontraíochta na hEorpa do 2011 mar thoradh ar aighneacht ó ITT agus Páirc Teicneolaíochta Chiarraí. Comhlánaíonn an t-aimniú ár gcuid gníomhaíochtaí i gClár an Fhiontraí Óig agus sa Chlár Endeavour agus tarraingíonn sé tuilleadh aird orthu.

Reáchtáladh an 'Aonach um Roghanna do Dhaoine Fásta" in Óstán Gleneagle ar Dé Luain 11 Eanáir 2010. Cé go raibh drochaimsir againn tháinig breis is 350 duine chuig an ócáid. Léiríodh suim láidir i gcláracha lánaimseartha agus páirtaimseartha atá á dtairiscint ag an Institiúid.

Reáchtáil Cumann Ceoil na hInstitiúide 'GIG DO HÁÍTÍ' i mBeár Greyhound an Déardaoin 11 Feabhra. Sheinn ár n-aoi speisialta Daithí Ó Droney ceol beo agus bhí DJ againn ina dhiaidh sin. Tugadh fáltais go léir na hócáide do Achainí Háití de chuid CÉINAL Éireann.

D'éirigh go hiontach leis an gComhdháil Aclaíochta anuraidh agus dá bhrí sin ba ábhar mórtais d'IT, Trá Lí an ócáid a chur ar siúl uair eile Dé Céadaoin an 17 Feabhra 2010. Cuireadh ceardlann Rith Chi ar siúl faoi stiúir Catriona McKiernan. Ina dhiaidh sin reáchtáladh an 'Winning Formulas Forum' – 'Fóram na bhFoirmlí a bhaineann bua amach', le Mick Galwey, Jack O'Connor agus Michael Dempsey. D'éirigh go iontach ar fad leis an ócáid seo ar fhreastail breis is 170 toscaire uirthi.

Reáchtáladh an 7ú Díospóireacht Bhliantúil ar an 24 Márta 2010 sa bhFoirgneamh Sólás, IT, Trá Lí ar an gCampas Thuaidh ag 7.30 i.n. I mbliana dhein dhá fhoireann ón dara bliain Staidéir Ghó díospóireacht ar cheisteanna a bhaineann leis an aontas airgeadais. Ba é Tim Hays ó Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn an t-aoichainteoir.

Bhí SciFest, féile eolaíochta lae ar siúl ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí Dé Céadaoin 12 Bealtaine 2010.

Cuireadh ócáid ar siúl chun céiliúradh a dhéanamh ar thréimhse seirbhíse 25 bliana a bheith tugtha ag roinnt ball den bhfoireann ar an 14 Meitheamh 2010.

Bhí faisnéisiú na foirne ag an Uachtarán ar an 17 Meitheamh 2010.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí,

An Chlais,

Trá Lí,

Co. Chiarraí

Gutrhán: 066-7145600

www.ittralee.ie